# An Tuarascáil ar Roghanna le haghaidh Athdhearadh an Ghréasáin Bhus

## MEITHEAMH 2021

BUS CONNECTS CORK

Arna hullmhú ag Jarrett Walker & Associates agus SYSTRA thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair.

# Clár Ábhar


**1 Réamhrá .... 4**
Cad is BusConnects Chorcaí ann? .... 5
Cad atá i gCeist le hAthdhearadh an Ghréasáin? .... 6
Na Bealaí atá faoi Staidéar .... 6
Pleanáil le linn Paindéime .... 7
Forbairtí i gCorcaigh le Déanaí .... 8
Infheistíochtaí i Seirbhís Uile-Lae agus Uile-Sheachtaine .... 8
An Fás a bhfuiltear ag Súil leis .... 8
Spriocanna Iompair Phoiblí atá san Iomaíocht lena Chéile .... 9
Cén fáth a roghnaítear Busanna? .... 10
Rochtain ar Dheiseanna .... 11

**2 Conas a Oibríonn Gréasáin .... 13**
Cad is Cúis le hArdphátrúnacht? .... 14
Táirgiúlacht .... 14
Minicíocht .... 15
Cé chomh Minic is atá Minic go leor? .... 15
Fad, Luas agus Costas na Minicíochta .... 16
Dearadh le haghaidh Nasc .... 17
Cómhalartú .... 17
Gréasáin Ghathacha .... 17
Córais atá Ailínithe .... 18
Limistéir a bhfuil Acmhainneacht Ardphátrúnachta acu a Aithint .... 20
Dlús .... 21
Insiúltacht .... 23
Líneacht .... 26
Gaireacht .... 29
Meascán Úsáidí .... 30
Forbairt atá Dírithe ar an Iompar .... 30

**3 An Gréasán Bus atá ann cheana .... 32**
Cén Uair a Bheidh Seirbhís ar Fáil agus Cá hÁit a mBeidh Sí ar Fáil? 33
Léarscáileanna den Ghréasán Bus .... 33
Minicíochtaí agus Raonta Seirbhíse .... 33
Léarscáil den Ghréasán Bus: Limistéar Cathrach Chorcaí .... 34
Léarscáil den Ghréasán Bus: Cathair Chorcaí .... 35
Léarscáil den Ghréasán Bus: Lár Cathrach Chorcaí .... 36
Minicíochtaí agus Raonta na mBealaí Bus .... 37
Gaireacht d'Aon Seirbhís, agus Seirbhís Mhinic .... 38
Tá Baint ann idir Minicíocht agus Táirgiúlacht .... 39
Castacht .... 41
Scoilteanna Aontreo .... 42

**4 Léarscáileanna Daonra agus Úsáide Talún .................44**

Acmhainneacht Pátrúnachta agus Riachtanas . . . . . . . . . . . . . . . . 45

Gníomhaíocht (Cónaitheoirí + Poist) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 46

Cónaitheoirí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 48

Poist . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 50

Teaghlaigh gan Charr . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 52

Comaitéirí Iompair Phoiblí. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 54

Cónaitheoirí Dífhostaithe . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 56

Cónaitheoirí ar Scor . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 58

Daoine óga . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 60

Nascacht an Ghréasáin Siúil . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 62

**4 Príomhroghanna ....................................................64**

An Glacadh leis an Athrú. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 66

Turais Níos Giorra de Shiúl na gCos nó Agaí Feithimh Níos Giorra? 67

Cómhalartú nó Castacht? . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 69

Cómhalartú, Rochtain agus Pátrúnacht. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 73

Cad é an Sainmhíniú is Tábhachtaí ar Rath? . . . . . . . . . . . . . . . . . 74

**5 Na Chéad Chéimeanna Eile.......................................75**

# 1 Réamhrá


# Cad is BusConnects Chorcaí ann?

Is é is BusConnects ann ná clár an Údaráis Náisiúnta Iompair a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar sheirbhísí bus i limistéir chathrach in Éirinn. Cistíonn Tionscadal Éireann 2040 é. Áirítear leis naoi mbeart (atá léirithe ar dheis) lena mbunathrófar córas bus Chorcaí chun feabhais, rud a fhágfaidh go mbeidh an t-iompar poiblí níos úsáidí do níos mó daoine.

Tá BusConnects ar áireamh sna straitéisí beartais seo de chuid an Rialtais laistigh de Limistéar Cathrach Chorcaí agus cabhróidh sé lena n-aidhmeanna a bhaint amach:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027
- An Plean Gnímh don Aeráid 2019
- Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí 2040

Is straitéis chomhtháite úsáide talún agus iompair í an straitéis dheireanach, mar atá Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí. Príomhphrionsabal de chuid Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí is ea an spleáchas ar an gcarr príobháideach a laghdú, agus mealltacht an iompair phoiblí inbhuanaithe á méadú ag an am céanna. Prionsabal bunúsach eile de chuid na Straitéise is ea tacú le fás i Limistéar Cathrach Chorcaí amach anseo trí ghréasán éifeachtúil iompair phoiblí a sholáthar.




## Athdhearadh an Ghréasáin Bhus

Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar na roghanna a thiocfaidh chun cinn le linn an gréasán bus do Limistéar Cathrach Chorcaí a athdhearadh, arb é an chéad bheart atá léirithe thuas é. Athdhearfar an gréasán i gcomhar le Bus Éireann (an t-oibritheoir), leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le Comhairle Cathrach Chorcaí agus le Comhairle Contae Chorcaí.

Bainfear leas as an ionchur arna bhailiú sa chéad chéim seo den chomhairliúchán poiblí le linn Dréacht-Ghréasán Nua a dhearadh. Tíolacfar an Dréacht sin don phobal le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh air agus le haghaidh tuairimí a chur in iúl ina leith. Tá sé beartaithe faoi láthair go gcuirfear an dara céim den chomhairliúchán ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Bainfear leas as an ionchur a gheofar ón bpobal i leith an Dréachta agus an Gréasán Nua Deiridh á fhorbairt. Bainfear leas as freisin le linn an dara beart atá léirithe thuas a dhéanamh, is é sin, Croíchonairí Bus atá gasta agus iontaofa a fhorbairt.

Tá sé beartaithe faoi láthair go gcuirfear an Gréasán Nua Deiridh agus na Croíchonairí Bus chun feidhme sa bhliain 2023 agus go mbeidh siad i mbun lánfheidhme sa bhliain 2024.

# Cad atá i gCeist le hAthdhearadh an Ghréasáin?

Tá gréasán bus Chorcaí ag athrú de réir a chéile thar lear blianta, de réir mar atá an chathair agus an limistéar cathrach ag fás agus ag athrú. Cé go bhfuil roinnt bealaí cosúil, tríd is tríd, leo sin a bhí ann tráth bhunú Bhus Éireann, rinneadh roinnt bealaí a fheabhsú agus a chur in oiriúint de réir mar a bhí an limistéar ag fás agus ag athrú.

Mar thoradh ar an bhfás ionchais faoi dhaonra Chorcaí agus ar an ngá atá ann le forbairt ar bhealach níos inbhuanaithe, tá sé tráthúil athmheastóireacht a dhéanamh ar dhearadh ghréasán bus limistéar Chorcaí agus infheistiú i rath an ghréasáin sin.

Oibreoidh na comhlachtaí seo a leanas i gcomhar le chéile chun an gréasán a athdhearadh:

- An tÚdarás Náisiúnta Iompair
- Comhairle Cathrach Chorcaí
- Comhairle Contae Chorcaí
- Bus Éireann

Is é atá sa tionscadal seo ná deis gréasán Chorcaí a dhearadh ar bhonn riachtanais an lae inniu, in ionad leanúint leis an ngréasán a fuarthas le hoidhreacht ón am atá thart.

Mar chuid den athdhearadh seo, rud atá ag tosú mar iomaire bán, d'fhéadfadh go leasófaí na bóithre a n-oibríonn busanna orthu, amanna agus laethanta seirbhíse, minicíochtaí, láithreacha stad agus an dóigh a gcómhalartaíonn paisinéirí.

Sa ghréasán athdheartha, is féidir go mbeidh roinnt bealaí, nó mórán bealaí, cosúil leo sin atá le fáil i ngréasán an lae inniu. Má thagann an cás sin chun cinn, beidh sé amhlaidh toisc go dtacaíonn na bealaí leis na himthosca atá ann i láthair na huaire agus na himthosca a bheidh ann amach anseo, beag beann ar stair nó ar thraidisiún.

Maidir le gach mionsonra den ghréasán atá ann cheana, beidh roinnt daoine cleachta leis agus is féidir go gcuirfidh siad in aghaidh aon athruithe air. Ceann de na príomhroghanna a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo is ea cé acu is fiú nó nach fiú míchaoithiúlacht a chruthú do roinnt daoine chun feabhas a chur ar an tseirbhís iompair phoiblí don chuid is mó de dhaoine.

***Is deis í seo gréasán nua a dhearadh ar bhonn riachtanais an lae inniu, in ionad leanúint leis an ngréasán a fuarthas le hoidhreacht ón am atá thart.***

## Na Bealaí atá faoi Staidéar

Is faoi staidéar agus faoi réir leasú atá na bealaí bus uile atá cistithe go poiblí i Limistéar Cathrach Chorcaí. Áirítear leo sin bealaí áitiúla laistigh de Chathair Chorcaí, mar aon le bealaí a nascann bailte agus limistéir thuaithe Chontae Chorcaí.

Tá an liosta bealaí faoi staidéar le fáil thíos. Ní raibh roinnt de na bealaí sin ag oibriú sa bhliain 2019, arb í an bhliain a bhfuil sonraí ionadaíocha pátrúnachta iompair phoiblí ar fáil ina leith í. Dá bhrí sin, níl siad ar áireamh i ngach cuid den tuarascáil seo. Ní ag oibriú sa lá atá inniu ann atá roinnt de na bealaí a bhí ag oibriú sa bhliain 2019. Dá ainneoin sin, tá siad ar áireamh sa tuarascáil seo.

| | | |
|---|---|---|
| 201 | 215 | 261 |
| 202 | 216 | 202A |
| 203 | 219 | 207A |
| 205 | 220 | 209A |
| 206 | 223 | 215A |
| 207 | 225 | 220X |
| 208 | 226 | 223X |
| 209 | 240 | 225L |
| 212 | 241 | 226A |
| 213 | 248 | 226X |
| 214 | 260 | |

## Pleanáil le linn Paindéime

Buntáiste agus deacracht araon is ea an staidéar seo a dhéanamh chomh cóngarach sin do phaindéim COVID-19.

Is buntáiste é sa dóigh is gur féidir leis an staidéar seo an gréasán bus a chur in oiriúint d'aon athruithe a thagann as an bpaindéim san éileamh ar an iompar poiblí agus a mheastar a bheidh ann san fhadtéarma. Is buntáiste é freisin sa dóigh is gur féidir leis cabhrú le Corcaigh teacht amach as an bpaindéim, agus fuinneamh aige Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí a chur chun feidhme.

Is as an bpaindéim agus a héifeacht ar phátrúnacht iompair phoiblí a thagann an deacracht a bhaineann le huainiú an staidéir seo. De ghnáth, bhainfí úsáid i staidéar den sórt sin as sonraí mionsonraithe pátrúnachta a eisíodh le déanaí chun eolas a dhéanamh don dearadh seirbhíse agus gréasáin. Mar a tharlaíonn, ní féidir sonraí ábhartha pátrúnachta a bhailiú i láthair na huaire. Bhí scoileanna agus ollscoileanna dúnta, bhí a lán daoine ag obair ón mbaile agus ní raibh a lán gnóthas miondíola agus fáilteachais ar oscailt. Ní ionadaíoch don saol tar éis na paindéime a bhfuil an gréasán á athdhearadh lena aghaidh a bheadh na sonraí pátrúnachta a bailíodh le linn na tréimhse seo.

Tá sonraí ginearálta ón mbliain 2019 agus ó bhlianta roimhe sin ar fáil maidir leis na leibhéil phátrúnachta agus seirbhíse ar gach bealach i gCorcaigh. Is iad sin na sonraí a dtagraítear dóibh sa tuarascáil seo, agus bainfear úsáid astu go dtí go mbeifear in ann sonraí nua pátrúnachta lena léireofar leibhéil taistil níos mó i Limistéar Cathrach Chorcaí a bhailiú.

Faoi mar a chuireann paindéim COVID-19 teorainn leis an úsáid is féidir le daoine a bhaint as an iompar poiblí i láthair na huaire, cuireann sí teorainn le cumas na foirne staidéir teagmháil a dhéanamh le daoine i bpearsa nó daoine a thionól le chéile i gcruinnithe móra. Mar thoradh air sin, is go fíorúil trí chruinnithe ar líne agus trí shuíomh Gréasáin idirghníomhach agus suirbhé a chuirfear an chéad chéim den chomhairliúchán ar athdhearadh an ghréasáin ar siúl.

Is ar fáil ag deireadh na tuarascála seo atá tuilleadh faisnéise faoi na chéad chéimeanna eile agus faoi na céimeanna deireanacha den staidéar seo.

# Forbairtí i gCorcaigh le Déanaí

Tá an phátrúnacht iompair i gCorcaigh ag fás ar ráta atá níos gasta ná mar atá sí in áit ar bith eile in Éirinn. Tháinig méadú 51% ar an líon turas a tógadh ar ghréasán bus Chorcaí idir an bhliain 2013 agus an bhliain 2019,[1] ar figiúr é a sháraigh fás an limistéar ó thaobh an daonra, na fostaíochta agus na seirbhíse bus de sa tréimhse sin.

Cé gur dócha gur as níos mó gníomhaíochta geilleagraí agus as níos mó cónaitheoirí a bheith ag bogadh go Corcaigh a tháinig cuid den fhás sin faoin líon paisinéirí, is amhlaidh freisin go ndearna Bus Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair iarracht chomhbheartaithe an gréasán a shimpliú, na bealaí sna limistéir is mó daonra a dhéanamh níos úsáidí, agus feabhas a chur ar na naisc i measc bailte i Limistéar Cathrach Chorcaí.

## Infheistíochtaí i Seirbhís Uile-Lae agus Uile-Sheachtaine

Chonacthas i mórán limistéar cathrach le déanaí go bhfuil féidearthacht ann an phátrúnacht a mhéadú trí infheistiú i seirbhís a bheidh i mbun oibre ag amanna atá lasmuigh de bhuaic-uaireanta tráchta ar laethanta le linn na seachtaine. Tá patrúin taistil ag athrú lena lán blianta anuas agus is lasmuigh de bhuaic-uaireanta tráchta ar laethanta le linn na seachtaine anois a bhíonn níos mó daoine ag taisteal le haghaidh oibre nó fóillíochta. Níl a fhios againn go fóill cé acu a thiocfaidh nó nach dtiocfaidh laghdú buan ar an líon turas comaitéireachta a thógfar le linn buaic-uaireanta tráchta de bharr phaindéim COVID-19, i gcomparáid leis an taisteal sa chuid eile den tseachtain.

Chuige sin, tá Corcaigh ag coinneáil suas le háiteanna eile, agus táthar ag díriú na n-infheistíochtaí nua sa tseirbhís bua ar bhealaí minice uile-lae agus uile-sheachtaine.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bus Éireann ag forbairt croíghréasán ar féidir le daoine a bheith ag brath air le haghaidh a lán cineálacha difriúla turas. Faoi mar a bhí amhlaidh ina lán áiteanna eile, is an-dearfach atá an fhreagairt pátrúnachta go dtí seo. Mar shampla:

- Sa bhliain 2016, cuireadh feabhas ar na minicíochtaí uile-lae ar laethanta le linn na seachtaine, ar an Satharn agus ar an Domhnach ar Bhealach 202 (idir Rinn Mhachan agus Cnoc an Chuilinn). Tháinig méadú 22% ar an bpátrúnacht ar an mbealach sin thar an gcéad dhá bhliain eile.
- Sa bhliain 2017, méadaíodh minicíocht na seirbhíse am lae ar Bhealach 220 (idir na hUamhanna agus Carraig Uí Leighin trí Chorcaigh), agus cuireadh seirbhís thar oíche léi. Tháinig méadú 70% ar an bpátrúnacht ar an mbealach sin sa chéad bhliain.

## An Fás a bhfuiltear ag Súil leis

Meastar go dtiocfaidh méadú idir 50% agus 60% ar Chorcaigh san fhiche bliain atá le teacht. Tá an fás sin ina spreagadh mór le haghaidh Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí, BusConnects Chorcaí agus an athdheartha gréasáin seo.

Is féidir le hardphátrúnacht iompair phoiblí cabhrú le Cathair Chorcaí agus le bailte Chontae Chorcaí fáilte a chur roimh chónaitheoirí nua agus oibreoirí nua gan roinnt de dhrochiarmhairtí an fháis a fhulaingt, lena n-áirítear plódú, agaí turais níos faide agus carrchlóis níos mó.

Is féidir le húsáid ard iompair phoiblí tacú le tithíocht atá níos flúirsí agus níos réasúnta ó thaobh praghais de trí theaghlaigh a chumasú gan carr a fháil. Laghdaíonn sé sin an méid spáis nach mór a sholáthar do charranna páirceáilte laistigh d'fhorbairtí tithíochta agus, ar an mbealach sin, laghdaíonn sé an costas a bhaineann le tithíocht nua a thógáil. Chomh maith leis sin, cabhraíonn sé le teaghlaigh airgead a shábháil ar an iompar agus an t-airgead sin a úsáid le haghaidh tithíocht níos fearr nó le haghaidh nithe eile atá tábhachtach dóibh.

1 Seirbhísí Bus agus Iarnróid d'Éirinn – Seirbhísí atá Cistithe ag an Stát, 2020.

# Spriocanna Iompair Phoiblí atá san Iomaíocht lena Chéile

Is féidir an t-iompar poiblí a dhearadh chun spriocanna difriúla a bhaint amach.

Ceann de spriocanna an iompair phoiblí a dtugtar an-aird air is ea ardphátrúnacht. Teastaíonn ardphátrúnacht chun spriocanna aeráide agus forbartha Chorcaí agus a spriocanna mar áit chónaithe a chomhlíonadh.

Ní hí pátrúnacht an t-aon sprioc amháin atá ag an iompar poiblí, áfach. Bítear ag súil leis go bhfreastalóidh beagnach gach soláthraí iompair phoiblí ar limistéir nach bhfuil ach roinnt bheag daoine ag cónaí nó ag obair iontu, fiú i gcás go mbeidh an phátrúnacht íseal sna limistéir sin. Tá an cineál sin seirbhíse ag saothrú sprioc chumhdaigh a bhfuil a luach féin aici.

Tá an dá sprioc sin san iomaíocht lena chéile nuair atá buiséad teoranta i gceist. Dá mhéad a chomhchruinníonn soláthraí iompair phoiblí an tseirbhís ina bealaí minice uile-lae sna háiteanna a bhfuil an líon is mó cónaitheoirí agus gníomhaíochtaí iontu is ea is lú an tseirbhís atá ar fáil chun a lán bóithre a chumhdach agus freastal ar limistéir a bhfuil líon níos lú daoine iontu.

Is ann i nach córas iompair phoiblí don iomaíocht idir **ardphátrúnacht** a shaothrú agus **cumhdach** leathan a sholáthar.

Le linn gréasán Chorcaí a athdhearadh, dearfar roinnt bealaí le haghaidh ardphátrúnachta agus dearfar roinnt bealaí eile chun cumhdach a sholáthar gan a bheith ag súil le hardphátrúnacht. Cabhróidh na seirbhísí ardphátrúnachta le spriocanna aeráide agus forbartha a chomhlíonadh, agus cabhróidh na seirbhísí cumhdaigh le spriocanna cuimsithe shóisialta a chomhlíonadh.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bus Éireann ag súil le méid beag a chur leis an mbuiséad le haghaidh seirbhís bus mar chuid den athdhearadh seo. Mar sin féin, beidh an buiséad teoranta fós agus beidh an chomhbhabhtáil sin ann fós. Le linn gréasán bus nua Chorcaí a dhearadh, bainfear leas as an aiseolas ón bpobal ar conas ba cheart spriocanna pátrúnachta agus spriocanna cumhdaigh a chothromú.

### Áirítear na nithe seo leis na cúiseanna a leagann daoine tábhacht ar ardphátrúnacht:

- Freastalaítear ar níos mó paisinéirí.
- Déantar plódú a chomhrac.
- Laghdaítear astaíochtaí feithiclí.
- Tacaítear le dlúthfhorbairt insiúlta.
- Cuirtear feabhas ar an rochtain ar fhostaíocht do líon ard oibrithe.
- Úsáidtear acmhainní poiblí go héifeachtúil.

### Áirítear na nithe seo leis na cúiseanna a leagann daoine tábhacht ar ardchumhdach:

- Déantar cuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn do gach duine, beag beann ar cén áit a gcónaíonn siad.
- Freastalaítear ar dhaoine a bhfuil dianriachtanais iompair acu.
- Tairgtear an t-iompar i ngach cuid den limistéar geografach.


# Cén fáth a roghnaítear Busanna?

Is iad limistéir uirbeacha na háiteanna a dtéann daoine chucu chun rochtain a fháil ar na deiseanna a thagann as bheith *gar do dhaoine eile*. Buaileann gach áit uirbeach rathúil na teorainneacha fisiciúla atá leis an líon daoine ar féidir leo bheith gar dá chéile má thaistealaíonn siad i bhfeithiclí leithleacha:

- **Teorainneacha spáis bóthair.** Tá teorainn ann leis an líon bóithre is féidir a leathnú de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar thaisteal, go háirithe in áiteanna uirbeacha.
- **Teorainneacha páirceála.** Tá sé costasach carranna príobháideacha agus carranna ar fruiliú a stóráil nuair nach bhfuil siad in úsáid, i gcomparáid leis na slite eile ar féidir le cathair nó baile atá ag fás an talamh a úsáid.
- **Úsáid talún agus fás geilleagrach a dhiansaothrú.** Tiocfaidh plódú chun cinn agus díghrádófar a mhealltaí atá an limistéar de réir mar a fhásann daonra agus geilleagar Chorcaí mura n-ionsúnn an t-iompar poiblí agus modhanna eile atá éifeachtúil ar spás an fás faoin éileamh ar iompar.

Tá sé léirithe sna grianghraif thíos cá mhéad spáis a theastaíonn chun daoine a iompar i gcarranna, i gcomparáid leis an méid spáis a theastaíonn chun iad a iompar de bhus, de rothar nó de shiúl na gcos.

Go bunúsach, ní ann do go leor spáis i ndlúthchathracha ná i ndlúthbhailte chun cur ar chumas gach duine taisteal ina gcarr féin. Ní féidir le carranna ar fruiliú (cosúil le Uber) agus carranna uathrialaitheacha an fhadhb gheoiméadrach bhunúsach sin a athrú. Tógann siad suas an méid céanna spáis, beagnach, is a thógann carranna atá faoi úinéireacht phríobháideach. Ina theannta sin, fágann siad go mbeidh an tiomáint chomh furasta agus chomh mealltach sin go méadaíonn siad an plódú.




Is cabhair iad socruithe carr-roinnte. Dá ainneoin sin, níl aon réiteach carrbhunaithe chomh héifeachtúil ó thaobh spáis de is atá daoine a bheith ag taisteal de shiúl na gcos, de rothar nó d'iompar poiblí.

Éiríonn le hiompar poiblí ar éileamh i limistéir bheagéilimh in amanna. Is é atá i gceist leis sin go ndéantar paisinéirí a bhailiú agus a thuirlingt sna háiteanna agus ag na hamanna ar mian leo. Dá ainneoin sin, iompaíonn sé líon daoine in aghaidh na feithicle atá i bhfad níos ísle ná an líon a iompraíonn bus bealaigh shocraithe.

Tá an t-iarnród i bhfad níos éifeachtúla ó thaobh spáis de ná mar atá busanna. Tá sé costasach le tógáil agus le hoibriú, áfach, agus ní féidir údar a thabhairt leis ach ar na línte is airde pátrúnacht dá bharr. I ngach cathair dhomhanda a bhfuil córas iarnróid ardphátrúnachta inti, is ann do ghréasán bus ardphátrúnachta atá níos mó fós.

**Sna háiteanna nach mór do na cathracha móra an spás poiblí a úsáid ar shlí an-éifeachtúil, níl aon rud níos fearr ná iompar poiblí mórfheithiclí ardphátrúnachta.**

Creidiúint grianghraif: The Cycling Promotion Fund of Canberra, an Astráil

# Rochtain ar Dheiseanna



Ar fud an tionscadail seo, tomhaisfimid sochair na seirbhísí iompair phoiblí ó thaobh a dtionchair ar ***rochtain*** de.


Ciallaíonn an focal "rochtain" rudaí difriúla i gcomhthéacsanna difriúla. Sa tuarascáil seo, ciallaíonn sé *an líon deiseanna is féidir le duine a shroicheadh tríd an gcóras iompair phoiblí laistigh de mhéid áirithe ama.*


Cén fáth a mbaineann tábhacht le rochtain? Mar thoradh ar rochtain a mhéadú don oiread daoine agus is féidir:


- Méadaítear an acmhainneacht pátrúnachta toisc go bhfuil an t-iompar poiblí úsáideach do níos mó daoine.
- Tugtar níos mó daoine níos gaire do níos mó deiseanna agus seirbhísí.
- Comhraictear astaíochtaí carbóin agus cineálacha eile truaillithe ó bhóithre agus ó charranna.
- Cumasaítear fás geilleagrach gan plódú a mhéadú ag an am céanna.
- Tugtar níos mó saoirse do dhaoine a saol a mhaireachtáil de réir mar is rogha leo.


Baineann an-ábharthacht leis an rochtain. Nuair a chuirimid feabhas ar rochtain d'ardlíon daoine, cuirimid feabhas ar gach ceann de na rudaí sin.

Tá rochtain ar an iompar poiblí léirithe ar na pictiúir ar dheis agus ar an gcéad leathanach eile.






Cé na tosca a dhéanann difear don rochtain atá ag duine ar an iompar poiblí?

- **Cá mhéad ceann scríbe atá gar don iompar poiblí.**
- **Cá fhad is gá di taisteal de shiúl na gcos** chuig an tseirbhís agus ón tseirbhís.
- **Cá fhad is gá di feitheamh** le haghaidh na seirbhíse.
- **Cé chomh fada agus is gá di taisteal** ar iompar poiblí.
- **Luas** na seirbhíse.
- **Cá fhad is gá di feitheamh chun cómhalartú** idir seirbhísí.

Tá smacht ag soláthraithe iompair phoiblí ar roinnt de na tosca sin: an t-aga feithimh, an cómhalartú, cé chomh díreach is atá an bealach, cén áit a soláthraítear seirbhís.

Tá níos lú smachta acu, nó níl aon smacht acu, ar thosca eile: luas an iompair phoiblí, achair thaistil, cén áit a bhfuil poist agus tithe lonnaithe. De ghnáth, bíonn na tosca sin faoi smacht na gComhairlí Cathrach agus na gComhairlí Contae toisc go mbainistíonn siad úsáid talún, forbairt agus bóithre.

# 2 Conas a Oibríonn Gréasáin

# Cad is Cúis le hArdphátrúnacht?

Is í rochtain, mar atá tuairiscithe ar na leathanaigh roimhe, an dóigh ar féidir le dearadh an ghréasáin iompair phoiblí difear a dhéanamh do **phátrúnacht**.

Is ionann rochtain agus an dóchúlacht go mbeidh turas aon duine ina thuras is féidir a dhéanamh *laistigh de mhéid réasúnach ama*, i gcás go seiceálfar é i bpleanálaí turais.

Is ann do mhórán tosca a dhéanann difear do phátrúnacht agus nach bhfuil baint ar bith acu le rochtain ná le dearadh an ghréasáin iompair phoiblí, amhail praghsanna breosla, an geilleagar, praghas an turais i gcarr ar fruiliú agus an costas a bhaineann le carr a cheannach nó a léasú.

Sa tuarascáil seo, dírímid ar na tosca ar féidir leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le Bus Éireann, le Comhairle Cathrach Chorcaí nó le Comhairle Contae Chorcaí dul i bhfeidhm orthu agus a rannchuidíonn le hardphátrúnacht:

- **Minicíocht** agus **uaireanta seirbhíse.**
- Cé **chomh furasta is atá an cómhalartú** i measc seirbhísí iompair phoiblí.
- **Pátrúin úsáide talún** agus **forbartha.**
- **Dearadh, achar** agus **insiúltacht na sráideanna.**
- **Déimeagrafaic**, agus cén áit a bhfuil daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu lonnaithe.

Mar atá luaite ar leathanach 9, ní hí ardphátrúnacht an t-aon sprioc amháin atá ag an iompar poiblí. Is féidir go n-áireofar leis an ngréasán iompair phoiblí is fearr do Limistéar Cathrach Chorcaí seirbhísí a chomhlíonann spriocanna cumhdaigh, cé nach meallann siad ach roinnt bheag úsáideoirí agus nach soláthraíonn siad ach beagán rochtana.

## Táirgiúlacht

Gach uair a úsáidimid an focal “pátrúnacht” sa tuarascáil seo, táimid ag déanamh tagairt do *phátrúnacht i gcoibhneas leis an gcostas*. Is é “**táirgiúlacht**” an focal a úsáidtear chun é sin a léiriú.

Insíonn táirgiúlacht dúinn cá mhéad duine atá ag freagairt do leibhéal áirithe infheistíochta san iompar poiblí agus do dhearadh bealaí nó gréasáin ar leith. Is féidir léi a léiriú gurb ann d’acmhainneacht pátrúnachta níos mó, fiú i gcás nach mbeidh an phátrúnacht *iomlán* ard, mar shampla má tá bealach a bhfuil ísealmhinicíocht aige ina bhealach ritháirgiúil fós.

Tá plé le fáil ó leathanach 39 ar aghaidh ar tháirgiúlacht na mbealaí aonair.

***Tá gréasán dea-nasctha ina ghné thábhachtach d’ardphátrúnacht. Ní mór an cómhalartú a bheith furasta agus iontaofa chun gur féidir le daoine a lán ceann scríbe a shroicheadh laistigh de mhéid réasúnach ama agus ar chostas réasúnach.***

# Minicíocht

Ceann de na dóigheanna is fearr ar féidir rochtain a mhéadú ar fud gréasáin is ea agaí feithimh a ghiorrú tríd an minicíocht a fheabhsú.

Mar thoradh ar sheirbhís níos minice:

- Laghdaítear an t-aga feithimh (agus an t-aga taistil foriomlán dá bharr).
- Cumasaítear duit taisteal nuair is mian leat.
- Feabhsaítear an iontaofacht, toisc go mbeidh bus eile ag teacht roimh i bhfad má chailleann tú do bhus.
- Bíonn an cómhalartú (idir dhá sheirbhís mhinice) gasta agus iontaofa.

I gcás go bhfeabhsófar an mhinicíocht in áiteanna a bhfuil líon ard daoine, post agus deiseanna eile iontu, feabhsófar an mheánrochtain don phobal.

Méadaíonn an mhinicíocht níos fearr an acmhainneacht ardphátrúnachta...ach ní leor é sin ina aonar chun ardphátrúnacht a chruthú.

***Bíonn gréasán ardphátrúnachta úsáideach don chuid is mó de dhaoine. Agus bíonn deifir ar an gcuid is mó de dhaoine.***

## Cé chomh Minic is atá Minic go leor?

I gcathracha beaga meánmhéide agus i mbailte beaga meánmhéide, amhail Corcaigh agus Carraig Uí Leighin, is measartha gearr a bhíonn turais daoine de ghnáth. Ní mór an t-iompar poiblí a bheith an-mhinic chun dul in iomaíocht leis na roghanna eile le haghaidh turais ghearra, ós rud é gur féidir leis an aga feithimh bheith i bhfad níos giorra ná an t-aga feithimh ar an iompar poiblí.

Chun smaoineamh ar cé acu atá nó nach bhfuil aon mhinicíocht “minic go leor”, smaoinigh ar a bheith ag feitheamh ar feadh leathchuid den mhinicíocht ar an meán (ós rud é go ndéanfaidh tú amhlaidh, de réir na staitisticí) agus fiafraigh díot féin an bhféadfá cur suas le haga feithimh chomh fada sin mar chuid de ghnáth-thuras lae.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bus Éireann ag infheistiú sa bhonneagar chun faisnéis teachta fíor-ama agus pleanáil turais fíor-ama a thairiscint ar ghréasán iompair phoiblí Chorcaí. Is féidir go measfaidh roinnt daoine nach gá d’aon duine feitheamh le bus a thuilleadh toisc an teicneolaíocht nua sin a bheith ann agus, dá bhrí sin, nach mbaineann tábhacht leis an minicíocht. Ní fadhb í sin más rud é nach dtagann bus ach uair amháin in aghaidh an chloig, toisc go bhfeicfidh tú ar d’fhón cén uair atá sé cúpla nóiméad ar shiúl agus cén uair ba cheart duit siúl chuig an stad.

D’ainneoin na teicneolaíochta nua sin, baineann ríthábhacht leis an minicíocht fós ar na cúiseanna seo:

- Ní bhíonn ort feitheamh i dtús do thurais amháin – bíonn ort feitheamh ag deireadh an turais freisin. Is féidir nach mbeidh aga fada feithimh agat agus tú ag an stad ar maidin ach, má thagann do bhus ar bhonn ainmhinic, is dócha go mbeidh aga feithimh agat agus tú ag do cheann scríbe.
    - Más rud é go dtosaíonn tú an obair ag 8:00 am agus go dtéann an bus, nach dtagann ach uair amháin in aghaidh na huaire den chlog, thar d’ionad oibre ag 8:10 am, is gá duit a roghnú cé acu a bheidh tú ar an obair 50 nóiméad roimh an am tosaithe nó 10 nóiméad ina dhiaidh. (Nó is féidir leat smaoineamh ar mhodh malartach iompair a úsáid le haghaidh comaitéireachta, lena n-áirítear carr a cheannach).
- Is féidir linn a roghnú cén t-am ar cheart dúinn an teach a fhágáil ar bhonn an sceidil bhus. Mar sin féin, ní chinnimid cén t-am a n-éirímid as an obair, cén t-am a dtagann scannán chun deiridh sa phictiúrlann, nó cén t-am a dtagann coinne dochtúra chun deiridh. I gcás nach mbeidh an t-am imeachta solúbtha ar fad nó nach mbeidh sé faoinár smacht iomlán, ciallaíonn minicíocht íseal gur minic a chaithimid a lán ama ag feitheamh.

Cé nach bhfágann an fhaisnéis teachta fíor-ama go mbeidh an bus níos iontaofa, fágann an mhinicíocht go mbeidh sé sin amhlaidh. Is féidir leat a fheiceáil ar d’fhón cén uair atá do bhus ag teacht, ach ní féidir leat a chinntiú nach mbeidh fadhb ag do bhus agus go mbeidh moill mhór air. Ní féidir ach leis an minicíocht an cineál sin iontaofachta a thairiscint. Ciallaíonn minicíocht go mbíonn bus eile ag teacht roimh i bhfad i gcónaí.

# Fad, Luas agus Costas na Minicíochta

Laistigh de bhuiséad teoranta iompair phoiblí, tá comhbhabhtáil ann idir bealaí níos faide agus minicíochtaí níos airde, mar atá léirithe ar dheis.

Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil gréasán ardphátrúnachta comhdhéanta ina iomláine de bhealaí gearra. Ciallaíonn sé, áfach, gurb amhlaidh, dá mhéad duine a bhfreastalaíonn bealach orthu in aghaidh an chiliméadair is ea is dóchúla gur féidir leis an údarás iompair phoiblí údar a thabhairt le seirbhís mhinic ansin.

Tá an éifeacht chéanna ag luasanna níos moille, agus iad ag méadú an chostais a bhaineann le seirbhís mhinic a sholáthar thar aon achar.

De réir mar a mhoillíonn an t-iompar poiblí, méadaíonn an costas a bhaineann le é a oibriú. Is féidir le soláthraí iompair phoiblí minicíochtaí a laghdú nó cistiú breise a sholáthar, ar cistiú é a d'fhéadfaí a úsáid ar shlí eile chun an tseirbhís *a fheabhsú* in ionad seirbhís níos moille a oibriú ar chostas níos airde.

Is é sin an fáth a bhfuil **tosaíocht do bhusanna** chomh tábhachtach sin do rath an iompair phoiblí i limistéar cathrach atá ag fás ar nós Chorcaí.



Is féidir le bus amháin seirbhís gach 30 nóiméad a sholáthar thar achar gearr...



...ach ciallaíonn achar atá dhá oiread níos faide go laghdaíonn an mhinicíocht faoina leath. Fágann sé sin go dtagann an bus gach 60 nóiméad.

De réir mar a theann na bealaí níos faide, téann a minicíocht in olcas, nó ní mór don ghníomhaireacht iompair níos mó airgid a chaitheamh chun busanna agus tiománaithe a chur leis an mbealach.

***I gcás go moilleofar an t-iompar poiblí de bharr an phlódaithe, éiríonn sé níos costasaí é a oibriú. Ídíonn sé sin cistiú a d'fhéadfaí a chaitheamh ar shlí eile ar an tseirbhís a fheabhsú.***

# Dearadh le haghaidh Nasc

Ba cheart gréasán iompair phoiblí a bheith níos fearr ná a chodanna aonair. Ní féidir le bealach bus amháin daoine a thógáil ach chuig líon áirithe áiteanna. Má bhíonn naisc úsáideacha ag an mbealach sin lena lán bealaí bus eile agus le línte iarnróid, áfach, beifear in ann i bhfad níos mó áiteanna a shroicheadh.

## Cómhalartú

Tairgeann gréasán nasctha rochtain níos fearr do dhaoine ar phoist, ar thithíocht agus ar dheiseanna eile. Bíonn sé ag brath ar chómhalartú, áfach.

Is féidir go mbeidh cómhalartú ina bhacainn más rud é:

- Gur neamhiontaofa atá amanna teachta bus.
- Go ngearrtar táille bhreise as busanna a athrú.
- Go bhfuil sé doiligh an stad bus ceart nó an bus ceart a aimsiú.
- Go dteastaíonn níos mó ná turas gearr de shiúl na gcos idir stadanna.
- Go bhfuil sé míchompordach feitheamh ag an stad bus.

Tá an dara táille a ghearrtar as cómhalartú idir busanna sa lá atá inniu ann ina bacainn ar ghréasán rínasctha a sholáthar i Limistéar Cathrach Chorcaí. Toradh nádúrtha atá ar an dara táille is ea go n-iarrann daoine bealaí bus aonair a thugann go díreach iad chuig an áit ar mian leo dul chuige. Dúshlán eile is ea iontaofacht bhusanna Chorcaí, cé gur cheart go dtiocfadh feabhas ar an iontaofacht sna blianta atá le teacht de réir mar a athsholáthraítear an teicneolaíocht aimsithe ar bhord busanna.

Mar chuid de na bearta de chuid BusConnects Chorcaí a bhaineann le táillí, ní bheidh **aon táille bhreise ann as cómhalartú,** bíodh sé idir busanna nó idir busanna agus iarnród. Fágann sé sin go mbeifear in ann an gréasán bus a dhearadh le haghaidh tuilleadh rochtana agus tuilleadh pátrúnachta, más féidir cur suas le tuilleadh cómhalartaithe.

## Gréasáin Ghathacha


Is **gathach** atá cruth bunúsach ghréasán bus Chorcaí.


I ngréasán atá gathach ar fad, mar atá léirithe thuas ar dheis, is sa lár a nascann gach bealach le gach bealach eile; ní theastaíonn ach cómhalartú amháin chun gach pointe sa chóras a shroicheadh.

De réir mar a fhásann córas, áfach, teastaíonn a lán taistil as treo tríd an lár ó thurais ó láthair fhorimeallach amháin chuig láthair fhorimeallach eile, mar atá léirithe thíos ar dheis. Is é sin an fáth a mbíonn gréasáin iompair atá gathach ar fad le feiceáil i gcathracha beaga agus i mbailte den chuid is mó.

I gCorcaigh, is sa lár a nascann gach bealach (cé gur casta atá lár an ghréasáin de bharr an ardlín scoilteacha aontreo atá ann i mbealaí, mar a phléimid níos déanaí sa tuarascáil seo).

De réir mar a fhásann Corcaigh, tiocfaidh méadú ar fhad ama na dturas ó láthair fhorimeallach amháin chuig láthair fhorimeallach eile más gá gach ceann díobh a ródú tríd an lár. Am éigin le linn fhás na cathrach, is gnách go mbreithnítear cé acu ba cheart nó nár cheart bealaí a théann timpeall na






cathrach nó a thrasnaíonn an chathair lasmuigh den lár a chur leis an ngréasán.

Is féidir **cuarbhealaí** a chur le gréasán gathach chun taisteal traschathrach a chumasú gan dul tríd an lár, mar atá léirithe thíos. I gcás go gcuirfear cuarlínte le gréasán gathach, beidh cuma an lín damhán alla air.

Is ann do dhá chuarbhealach i ngréasán Chorcaí sa lá atá inniu ann. Is féidir iad a fheiceáil ar na léarscáileanna a thosaíonn ar leathanach 34. Trasnaíonn bealach amháin an taobh theas de Chathair Chorcaí, ó Loch Mahan go hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan. Téann an bealach eile timpeall an taoibh thuaidh, ó Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan go Luaiteach Beag.

I gcás fhormhór na dturas feadh na gcuarbhealaí laistigh de Chathair Chorcaí, bheadh turas níos giorra ag daoine dá mbainfeadh siad úsáid as dhá bhealach ghathacha agus dá gcómhalartódh siad sa lár i gcás nach mbeidh siad in ann a roghnú cén uair is gá dóibh taistil agus nach mbeidh go leor ama acu chun feitheamh. Is amhlaidh sin toisc go




mbíonn na cuarbhealaí chomh hainmhinic sin is go dteastaíonn agaí fada feithimh ina leith i gcás aon turas nach féidir le daoine a uainiú de réir an sceidil bhus, amhail turais chun na hoibre nó chun na scoile.


Is féidir gur fearr le roinnt daoine na cuarbhealaí toisc go bhfuil cómhalartú ina chrá croí ar chúiseanna eile nach mbaineann leis an táille – mar shampla, tá siad ag taisteal le leanaí nó níor mhaith leo taisteal de shiúl na gcos idir stadanna sa lár nuair atá sé ag cur báistí. Is féidir freisin nach bhfuil daoine ag úsáid dhá bhealach ghathacha chun a gceann scríbe a shroicheadh toisc an táille bhreise a ghearrtar as cómhalartú a bheith i bhfeidhm. Dá mbeadh siad in ann cómhalartú go hiontaofa gan aon táille bhreise, d’fhéadfadh go mbeadh siad sásta dul níos tapa chuig an áit a bhfuil siad ag dul chuige.

## Córais atá Ailínithe

Bíonn gréasáin nascacha ag brath ar chómhalartú, agus is ann do dhá shlí inar féidir cómhalartú a dhéanamh ina rud gasta iontaofa do phaisinéirí.

Slí amháin is ea ardmhinicíocht. I gcás go dtrasnóidh dhá bhealach mhinice, teastaíodh aga gearr feithimh chun cómhalartú ó cheann amháin go ceann eile, chomh fada is atá an dá bhealach iontaofa. Tá sé costasach ardmhinicíocht a sholáthar, áfach, agus ní féidir í a sholáthar ar gach bealach.

I ngréasán gathach, is féidir cineál difriúil cómhalartaithe ghasta a sholáthar. Is féidir teacht busanna chuig lár a uainiú chun “ailíniú” lena chéile i bpatrún athfhillteach ar fud an lae.




I gcóras atá ailínithe, buaileann busanna le chéile agus fanann siad le chéile ar feadh cúpla nóiméad, mar atá léirithe thuas. Is féidir le daoine cómhalartú ina measc gan ach aga gearr iontaofa feithimh a bheith acu.

Ní ionann bealaí ainmhinice nach n-ailíníonn le chéile agus gréasán nascach. Má thrasnaíonn dhá bhealach a thagann gach 60 nóiméad, teastóidh aga feithimh suas le 59 nóiméad i leith an cómhalartaithe neamhuainithe eatarthu. Ar an meán, beidh an t-aga feithimh cothrom le 30 nóiméad, arb ionann é agus leath na minicíochta. Má tá dhá bhealach deartha chun ailíniú, áfach, is féidir nach dtógfaidh an cómhalartú ach tréimhse idir cúig nóiméad agus deich nóiméad ar fad gach babhta.

Ceann de na dúshláin a bhaineann le bealaí a ailíniú is ea nach mór dóibh teacht *in am*. Bheadh aga fada feithimh dá gcómhalartú ag paisinéirí ar bhus a chailleann an t-ailíniú.

Tá sé mar aidhm ag roinnt soláthraithe iompair naisc ailínithe a thairiscint i measc bealaí ainmhinice ach níl siad in ann déanamh amhlaidh toisc go mbíonn busanna ag déileáil leis an oiread sin plódaithe dhothuartha. Tugtar le fios sna bearta de chuid BusConnects Chorcaí a bhfuil mar aidhm leo luas, iontaofacht agus teicneolaíocht oibriúcháin a fheabhsú gur féidir gur tráthúil anois smaoineamh ar naisc ailínithe a thabhairt isteach le haghaidh roinnt bealaí sa ghréasán bus.

# Limistéir a bhfuil Acmhainneacht Ardphátrúnachta acu a Aithint

Is féidir le húdaráis iompair phoiblí níos mó paisinéirí a mhealladh trí sheirbhís atá úsáideach do níos mó daoine a thairiscint.

Mar sin féin, déanann a lán tosca nach bhfuil smacht ag údaráis iompair orthu difear don phátrúnacht, beag beann ar cé chomh húsáideach ón taobh oibiachtúil de is atá a seirbhís. Is féidir le páirceáil saor in aisce, ísealchostais bhreosla agus ísealchostais chun carr (amhail Uber) a fhruiliú pátrúnacht iompair phoiblí a laghdú trí na roghanna eile a dhéanamh níos saoire agus níos fusa.

Nithe eile nach bhfuil smacht ag an údarás iompair phoiblí orthu is ea patrúin úsáide talún agus dearaí sráide, cé go bhfuil tionchar ollmhór ag na nithe sin ar an líon daoine is féidir leis an iompar poiblí a shroicheadh agus ar an gcostas atá i gceist leis.

Is ann do chúig thoisc gheografacha lena dtugtar le fios go mór go bhfuil acmhainneacht ardphátrúnachta ann:

- Dlús,
- Insiúltacht,
- Líneacht,
- Gaireacht, agus
- Meascán Úsáidí.

Tá tuairisc le fáil ar na leathanaigh seo a leanas ar an dóigh a ndéanann na tosca sin difear do phátrúnacht iompair phoiblí. Tugtar na samplaí léiritheacha ó Limistéar Cathrach Chorcaí.

Mar is féidir a fheiceáil ar an léaráid ar na leathanaigh seo a leanas, is ábhar ***geoiméadrachta*** í an dóigh a ndéanann patrúin forbartha difear don acmhainneacht pátrúnachta.

Nuair a luaimid na fíricí geoiméadracha, nílimid ag labhairt faoi thábhacht aon limistéir áirithe ná faoi na daoine a chónaíonn nó a oibrímid ann.

Nílimid ag labhairt ach faoi na dóigheanna a n-idirghníomhaíonn leagan amach fisiciúil na forbartha le fíricí geoiméadracha an iompair. Suíonn sé sin cé acu is féidir leis an iompar poiblí rochtain a thabhairt d'ardlíon daoine ar dhóigh éifeachtúil, rud a shuíonn an acmhainneacht pátrúnachta dá réir.

Mar atá tuairiscithe ar leathanach 9, ceann de mhórscpriocanna an iompair phoiblí is ea ardphátrúnacht. Dá ainneoin sin, ní hí an t-aon sprioc *amháin* í, agus ní mór í a chothromú in aghaidh na sprice um an tseirbhís a leathnú amach go mór agus isteach i lear bealaí. A mhéid atá gréasán bus Chorcaí deartha le haghaidh ardphátrúnachta, cabhróidh na cúig thoisc gheografacha ar na leathanaigh seo a leanas linn limistéir a bhfuil acmhainneacht ardphátrúnachta acu a aithint.

# Dlús

Tá ard-dlús gníomhaíochtaí ag áit ina bhfuil a lán cónaitheoirí, fostaithe, siopadóirí, mac léinn agus custaiméirí.

Tá dhá bhealach bus chomhionanna le feiceáil ar an ngrafaic ar dheis. Tá an bealach ag an mbarr ag taisteal i limistéar ina bhfuil a dhá oiread tithe is atá an bealach ag an mbun.

Má fhanann rudaí mar atá, meallfaidh an bealach ag an mbarr níos mó úsáideoirí ar an gcúis bhunúsach go mbíonn níos mó daoine ag taisteal isteach sa limistéar agus amach uaidh.


## *Cá mhéad duine, post agus gníomhaíocht atá gar do gach stad iompair?*



Tá na léarscáileanna ar dheis ina sampla den **ard-dlús** cónaithe i gCorcaigh.

Tá árasáin Eachlann na Dúcharraige feiceálach i léarscáil de dhlús cónaithe. Tá siad lonnaithe thart ar leath bealaigh idir Bóthar na Dúcharraige ar an taobh thuaidh agus Bóthar Skehard ar an taobh theas.

Tá an dlúthfhorbairt tithíochta seo lonnaithe in áit atá measartha fada ar shiúl ón bpríomhbhóthar agus tugann a seirbhís mhinic (Bóthar Skehard, áit a dtéann seirbhís bhealach 202/202A thart gach 10 nóiméad) agus an gréasán sráideanna le fios gur gá turas timpeallach de shiúl na gcos a thógáil chuig Bóthar Skehard. Mar sin féin, feabhsaítear an insiúltacht leis na cosáin a soláthraíodh ó dheas go díreach chuig Bóthar Skehard agus ó thuaidh chuig Bóthar na Carraige.







Creidiúint Grianghraif Satailíte: Open Street Maps

## Insiúltacht

Chun bealach bus a úsáid, ní mór do dhaoine bheith ábalta dul chuig an stad, agus tosaíonn formhór mór na ndaoine a dturas trí thaisteal de shiúl na gcos.

Déanann an gréasán sráideanna, na cosáin agus na pointí trasnaithe atá timpeall ar stad bus difear don líon daoine atá sásta agus ábalta siúl chuig an stad.


Má tá gréasán sráideanna dínasctha, is féidir go mbeidh an stad bus ar phríomhbhóthar lonnaithe in áit atá measartha fada ar shiúl trí thaisteal de shiúl na gcos, cé go bhfuil sé gar i líne dhíreach trasna na tíre.

Is féidir le crosbhealaí móra agus timpealláin a fhágáil nach bhfuil stadanna bus lonnaithe ag crosbhealaí ná gar dóibh. Cuireann sé sin achar breise leis an tsiúlóid chuig stad do dhaoine ar shráid thrasnaithe.

Má tá sé doiligh nó contúirteach bóthar ar leith a thrasnú, ní bheidh daoine in ann an t-iompar poiblí a úsáid sa dá threo. De rogha air sin, is féidir go n-iarrfaidh siad ar an soláthraí iompair phoiblí an bus a thiomáint isteach ina gcarrchlós nó síos a sráid chun nach mbeidh ar dhaoine siúl trasna an phríomhbhóthair. Is é an toradh atá air sin go bhfuil an bealach níos faide agus nach bhfuil sé chomh húsáideach céanna do gach duine eile.

### *An bhfuil sé furasta siúl idir an stad agus na gníomhaíochtaí in aice láimhe?*

+



Is ionann an ponc i lár na gciorcal seo agus stad iompair, agus is ga 400 méadar é an ciorcal.

-



Tá an limistéar ar fad laistigh de 400 méadar ar fad, ach níl ach na sráideanna dubha laistigh de thuras 400 méadar *de shiúl na gcos.*




+

Ní mór é a bheith sábháilte an tsráid a thrasnú ag stad. Is gnách go dteastaíonn na stadanna ar an dá thaobh chun taisteal dhá threo a chinntiú!


Ar na léarscáileanna ar an leathanach seo agus ar an gcéad leathanach eile, cuirtear gréasán sráideanna atá **insiúlta** agus dea-nasctha sa Seandún (laisteas de Bhóthar na hArdeaglaise) i gcodarsnacht le gréasán dínasctha sráideanna laisteas de Bhóthar na Seanchoille.

Sa Seandún, tá na sráideanna dea-nasctha. Seachas roinnt limistéar cul de sac, nascann gach sráid, beagnach, le roinnt sráideanna eile. Mar thoradh air sin, is féidir le daoine siúl amach chuig roinnt príomhbhóithre ar a lán slite difriúla – Bóthar na hArdeaglaise ar an taobh thuaidh, Sráid na Blarnan ar an taobh theas agus Sráid an tSeandúin ar an taobh thoir.

Fágann an nascacht príomhshráideanna sin gur laistigh de thuras 400 m de shiúl na gcos, a thógann thart ar chúig nóiméad, atá beagnach gach ceann de na tithe agus na gnóthais atá lonnaithe laistigh de 400 m ó sheirbhís mhinic ar Bhóthar na hArdeaglaise i líne dhíreach trasna na tíre. Tá sé ina rud simplí seirbhís líneach mhinic a sholáthar do mhórán daoine trí oibriú ar Bhóthar na hArdeaglaise, toisc nach bhfuil le déanamh ag busanna ach tiomáint ar a fheadh chun dul gar do gheall le gach duine.




Íomhánna satailíte ó Open Street Maps



Is ar ghréasán dínasctha sráideanna atá an tithíocht laisteas de Shráid na Blarnan, atá le feiceáil ar dheis. Tá na bóithre cuartha agus tá ceann caoch ag roinnt díobh. Dá bharr sin, tá na bealaí siúil chuig Sráid na Blarnan ina mbealaí timpeallacha ó mhórán tithe.

Is beag bóithre a nascann idir Sráid na Blarnan agus Bóthar Radharc an Chuain. Dá bhrí sin, ba thimpeallaí fós a bheadh turas de shiúl na gcos chuig Bóthar Radharc an Chuain ó theach laisteas de Shráid na Blarnan.


Is ann do sheirbhís mhinic lastuaidh ar Bhóthar Radharc an Chuain, áit a dtagann Bealach 202 nó Bealach 202A gach deich nóiméad. Is laistigh de 400 m ó Bhóthar Radharc an Chuain i líne dhíreach trasna na tíre atá formhór na dtithe san fhorbairt laisteas de Shráid na Blarnan. Dá ainneoin sin, is beag teach atá lonnaithe laistigh de thuras 400 m de shiúl na gcos.

***Fágann córas dínasctha sráideanna nach mbeidh an t-iompar poiblí chomh húsáideach agus chomh héifeachtúil céanna.*** Níl an bealach ar an bpríomhbhóthar gar d'úsáideoirí féideartha ar cheachtar taobh. Ní mór níos mó bealaí comhthreomhara a oibriú chun dul níos gaire do níos mó cónaitheoirí. Má roinntear an tseirbhís ina líon méadaithe bealaí, áfach, tairgfear minicíochtaí níos measa.

Ní leor ard-dlús chun ardphátrúnacht a ghiniúint. Ní leor dea-chosáin agus dea-phointí trasnaithe ach oiread más amhlaidh go bhfuil an fhorbairt i bhfad ar shiúl ó na príomhbhóithre agus go bhfuil an turas níos faide fós de bharr sráideanna timpeallacha dínasctha.




Íomhánna satailíte ó Open Street Maps




# Líneacht

Suíonn cé na háiteanna go díreach a gceadaítear forbairt iontu *cé chomh líneach agus chomh díreach* is atá na bealaí féideartha iompair phoiblí.

Ar an léaráid ar dheis, tá cinn scríbe atá ailínithe ar dhá dhóigh dhifriúla le feiceáil. Sa bhaile ag an mbarr, tá na cinn scríbe lonnaithe ar an bpríomhbhóthar. Is féidir leis an iompar poiblí freastal ar na cinn scríbe uile i líne dhíreach. Má tá tú ag taisteal tríd an limistéar seo, beidh tú ag taisteal i dtreo do chinn scríbe an t-am ar fad agus ní mhothóidh tú choíche go bhfuil tú do do thabhairt as an mbealach.

Tá na ceithre cinn scríbe chéanna ag an mbaile ag an mbun, ach thug sé cead dóibh tógáil i bhfad ar shiúl ón bpríomhbhóthar. Chun freastal ar na háiteanna sin, is gá do bhus tiomáint amach ón bpríomhbhóthar, dul chuig an doras tosaigh, agus ansin tiomáint ar ais chuig an bpríomhbhóthar. Más é sin do cheann scríbe, oirfidh sé duit. Má tá tú ag taisteal chuig áiteanna eile, áfach, beidh tú do do thabhairt as an mbealach agus beidh do thuras níos faide.

### *An féidir leis an iompar poiblí oibriú i línte measartha díreach?*




Sa dá léarscáil ar an leathanach seo agus ar an gcéad leathanach eile, cuirtear patrúin forbartha a dhéanann difear do **líneacht** an iompair phoiblí i gcomparáid lena chéile.

Ar an taobh deas, tá roinnt tithíochta measartha dlúth ag limistéar Bhaile an Róistigh. Tá ródú timpeallach bus ann, áfach, de bharr na slí atá sí leagtha amach. Is ar shiúl ó na príomhbhóithre atá roinnt de na forbairtí is dlúithe lonnaithe. Dá bhrí sin, is gá lúb a bheith ann i mbealach bus chun dul gar d’ardlíon daoine. Mar thoradh air sin, leanann Bealach 216 conair chlaonta atá níos moille ná mar a bheadh bealach díreach tríd an limistéar.

I gcás daoine atá ina gcónaí lastoir de Bhaile an Róistigh – amhail sa Phasáiste – is é an toradh atá ar bhealach lúbach go mbíonn turais níos faide acu. Baineann costas oibriúcháin níos airde leis an mbealach lúbach. Laghdaíonn sé sin an buiséad atá ar fáil le haghaidh feabhsuithe úsáideacha eile seirbhíse amhail minicíocht, uaireanta fada seirbhíse, nó bealaí a chumhdaíonn níos mó áiteanna.

Tar éis comharsanacht a thógáil, áfach, is féidir nach mbeidh aon rogha eile ann seachas dul ar lúb. I gcás forbairtí amach anseo, áfach, is féidir le Cathair Chorcaí agus le Contae Chorcaí tacú le hiompar éifeachtúil ardphátrúnachta trí dhlúth-thithíocht a eagrú ina patrúin líneacha.




Íomhánna satailíte ó Open Street Maps, Remix

*Is féidir bealaí timpeallacha bus freisin teacht as drochnascacht sráideanna. Tá na bealaí sin am-íditheach do phaisinéirí agus tá siad costasach le hoibriú.*

I gcodarsnacht leis sin, tá na gnóthais sa Phríomhshráid i gCarraig Uí Leighin ag luí go han-mhaith le hiompar éifeachtúil. Tá lár Charraig Uí Leighin le feiceáil ar an léarscáil ar dheis. Oibríonn Bealach 220 feadh na Príomhshráide.

Tá na foirgnimh i lár Charraig Uí Leighin lonnaithe den chuid is mó gar don Phríomhshráid, áit nach scarann carrchlóis mhóra iad ón iompar.

Tá an Phríomhshráid díreach agus tá sí *ar an tslí* chuig mórchinn scríbe eile. Is féidir le busanna oibriú trí Charraig Uí Leighin ar an gconair is dírí le linn dóibh dul gar do mhórán gnóthas agus seirbhísí agus gan dul ar lúb.




**Íomhánna satailíte ó Open Street Maps**


## Gaireacht

Maidir leis an iompar, is toisc ríthábhachtach taobh thiar de chostas na seirbhíse é achar.

Dá mhéad an t-achar is gá do Bhus Éireann tiomáint chun freastal ar 100 duine is ea is ísle an líon daoine ar féidir leis freastal orthu laistigh d'aon bhuiséad oibriúcháin ar leith. Ar an gcúis sin, ginfear pátrúnacht níos airde, i gcoibhneas le costais, ó na háiteanna ina bhfuil *dlús leanúnach agus gníomhaíochtaí leanúnacha* feadh bóthair.

Focal eile is féidir a úsáid chun an toisc sin a thuairisciú is ea *'gaireacht'*. Is costasaí áiteanna atá achar fada ar shiúl a nascadh ná áiteanna atá in aice láimhe a nascadh agus, mar atá tuairiscithe ar leathanach 16, teastaíonn níos mó caiteachais nó minicíochtaí níos ísle ó bhealaí fada.

### *An gá don iompar bearnaí fada a thrasnú?*



\+ Tá achair ghearra idir a lán ceann scríbe níos gasta agus tá sé níos fusa freastal orthu.



\- Ciallaíonn achair fhada idir cinn scríbe gurb airde an costas in aghaidh an phátrúin.

## Meascán Úsáidí


Déanann an meascán úsáidí feadh bóthair difear don líon daoine is féidir leis an iompar poiblí a mhealladh, i gcoibhneas leis an gcostas. Is gnách go ngineann meascán úsáidí pátrúnacht *sa dá threo ag a lán amanna den lá agus den tseachtain.*

Is gnách go ndéantar an t-iompar i limistéir atá cónaithe ar fad a úsáid i dtreo amháin den chuid is mó – amach ó na tithe cónaithe agus i dtreo na bpost – agus ag buaic-amanna tráchta den chuid is mó.


Is ann do thrí dhóigh ar féidir le patrúin forbartha úsáide measctha tacú le hiompar táirgiúil:

- Is féidir le feithiclí iompair bheith lán sa dá threo, in ionad iad a bheith folamh leath an ama.
- Más rud é go dtéann daoine ar bord agus go dtuirlingíonn siad ag áiteanna feadh an bhealaigh, úsáidfear an bealach le haghaidh a lán turas gearr. Is úsáideach do lear daoine a bhíonn gach suíochán ar an bhfeithicil.
- Is féidir le feithiclí bheith lán an lá ar fad agus an tseachtain ar fad. Dá bhrí sin, is ag tacú le níos mó paisinéirí ar an iomlán atá an costas a bhaineann leis na feithiclí a cheannach agus a chothabháil.

### *An mbíonn daoine ag taisteal sa dá threo an lá ar fad?*



+ Fágann meascán úsáidí talún go n-úsáidtear busanna sa dá threo ag níos mó amanna den lá agus den tseachtain.



– Is gnách go líontar i dtreo amháin an t-iompar nach bhfreastalaíonn ach ar limistéir chónaithe agus nach líontar é sa treo eile.

## Forbairt atá Dírithe ar an Iompar

Is caidreamh dhá threo é an caidreamh idir an fhorbairt agus rath an iompair.

Is féidir leis an iompar a sholáthar ar dhóigh éifeachtúil i gcás go mbeidh an fhorbairt insiúlta, líneach, gar agus dlúth agus go mbeidh meascán úsáidí inti.

In áiteanna ar féidir an t-iompar a sholáthar ar dhóigh éifeachtúil, is é is dóichí go dtairgfeadh sé seirbhís mhinic an lá ar fad agus an tseachtain ar fad. Cuireann an t-ardleibhéal seirbhíse sin ar chumas daoine saol iomlán a mhaireachtáil gan charr, rud a thacaíonn le fás agus le forbairt agus nach gcuireann an oiread sin áiteanna páirceála carranna ná an oiread sin tráchta carranna leis.

Is féidir le háiteanna atá an-dlúth ó thaobh post nó cónaitheoirí de bheith in imthosca iompair fíordhifriúla, ag brath ar cé chomh gar is atá siad do dhlútháiteanna *eile*.


Tá Ionad Siopadóireachta Rinn Mhachan gar do dhlútháiteanna eile. Rachaidh aon bhealach bus atá ag freastal ar Rinn Mhachan thar thithe, árasáin, seirbhísí agus gnóthais atá measartha dlúth le linn dó déanamh amhlaidh. Fágann sé sin go mbaileoidh bus atá ag freastal ar Mhachain paisinéirí ar bhonn leanúnach idir an áit sin agus an t-ionad.

Mar thoradh air sin, is féidir ardlíon paisinéirí i gcoibhneas le costas na seirbhíse a iompar.

Cabhraíonn ardphátrúnacht agus ardtáirgiúlacht ar aon seirbhís le húdarás iompair údar a thabhairt le hinfheistíochtaí níos airde i minicíocht nó raon na seirbhíse, agus cabhraíonn siad le cathair nó baile údar a thabhairt le hinfheistíochtaí i mbearta tosaíochta iompair phoiblí agus i bhfeabhsuithe do choisithe.

Ar an tslí sin, is údar leis an dea-iompar poiblí isteach i Rinn Mhachan agus amach aisti atá i ngaireacht Rinn Mhachan d'fhorbairtí eile agus sa mheascán úsáidí in aice láimhe. Chomh maith leis sin, treisíonn an ghaireacht sin an dea-iompar poiblí sin.

Cosúil le Rinn Mhachan, tá an tOileán Beag dlúth ó thaobh post de. Tá sé i bhfad níos mó anois ná mar a bhí sé tráth a bailíodh na sonraí atá léirithe ar an léarscáil seo (sa bhliain 2016). Dá ainneoin sin, tá sé iargúlta, áit a bhfuil an-achar ann idir é agus dlútháiteanna eile. Tá sé lonnaithe ar an taobh eile ó limistéir fhorbartha eile den líne iarnróid agus den débhealach, agus ní fhéadfadh bealach bus freastal ar thaobh amháin de na bacainní sin gan malairt




slí a thógáil ón taobh eile. Is beag tithíocht atá ann ar an Oileán Beag i láthair na huaire. Dá bhrí sin, d'úsáidfí an t-iompar i dtreo amháin den chuid is mó gach maidin agus gach tráthnóna, áit a mbeadh busanna níos foilmhe ag oibriú sa treo eile.

San iompar, tá sé costasach achar a chumhdach. Dá mhéad an t-achar is gá do ghréasán iompair a chumhdach is amhlaidh is mó an líon bealaí a bhfuil sé roinnte iontu agus is lú an t-airgead is féidir a chaitheamh ar ardmhinicíochtaí nó ar fheabhsuithe eile.

Ní chiallaíonn sé sin nár cheart don Oileán Beag seirbhís a bheith aige. Ina ionad sin, ciallaíonn sé gurb é an ghníomhaíocht ar an Oileán Beag an t-aon údar amháin a thabharfar leis an leibhéal seirbhíse ar an Oileán Beag. Níl sé *faoi bhealach* do bhus atá ag dul chuig áit eile agus, mar sin de, ní féidir leis leas a bhaint as seirbhís a bhfuil forbairtí gara comharsanacha mar údar léi.

# 3 AnGréasán Bus atá ann cheana

# Cén Uair a Bheidh Seirbhís ar Fáil agus Cá hÁit a mBeidh Sí ar Fáil?

## Léarscáileanna den Ghréasán Bus

Ar na léarscáileanna ar na leathanaigh seo a leanas, tugtar isteach stíl a úsáidtear ar fud na tuarascála seo, áit a seasann **dathanna bealaigh do mhinicíochtaí ag meán lae ar laethanta le linn na seachtaine**.

Seasann **dearg** do sheirbhís mhinic, áit a dtagann bus gach 15 nóiméad nó níos minice ag meán lae ar laethanta le linn na seachtaine, agus seasann **dúdhearg** do sheirbhís a thagann gach 10 nóiméad nó níos minice.

Seasann **corcra** do bhealaí a thagann gach 20 nóiméad. Tagann bealaí **dúghorma** gach 30 nóiméad agus is iad bealaí **bánghorma** na bealaí is ainmhinice, áit a dtagann busanna idir 40 nóiméad agus 60 nóiméad óna chéile.

## Minicíochtaí agus Raonta Seirbhíse

Is féidir a fheiceáil sa tábla dathannach ar leathanach 37 cén uair a thairgeann gach bealach i ngréasán atá fóirdheonaithe go poiblí seirbhís ar laethanta le linn na seachtaine, ar an Satharn agus ar an Domhnach.

Tá gach ceann d'uaireanta an chloig códaithe de réir datha ar bhonn mhinicíocht na seirbhíse le linn na huaire sin.

Tá deighleáin chomhchoiteanna ag roinnt bealaí agus comhcheanglaíonn a sceidil go deas lena chéile chun minicíocht níos airde a thairiscint ar dheighleáin chomhroinnte, amhail Bealach 202 agus Bealach 202A. Tá siad léirithe le ró aonair le haghaidh a ndeighleáin chomhcheangailte agus ansin le rónna le haghaidh gach bealaigh aonair sa phéire.




### Raonta Laethúla

Tá an gréasán comhdhéanta de 32 bhealach, ach tá éagsúlacht ollmhór ann i gcainníocht na seirbhíse a dtairgeann gach bealach í. Ní thairgeann roinnt bealaí ach dornán turas in aghaidh an lae, agus iad ar fáil ar laethanta le linn na seachtaine amháin. Tairgeann bealaí eile seirbhís mhinic an lá ar fad gach lá.

Is ann do chúig bhealach nach n-oibríonn ach ar laethanta le linn na seachtaine agus nach n-oibríonn ag an deireadh seachtaine. Is ann do dheich gcinn eile a thairgeann seirbhís ar an Satharn agus nach dtairgeann seirbhís ar an Domhnach.

Maidir leis na bealaí a thairgeann minicíochtaí comhsheasmhacha uile-lae, tosaíonn an chuid is mó díobh a seirbhís thart ar 6 am. Críochnaíonn roinnt bheag díobh a seirbhís thart ar 7 pm, agus oibríonn an chuid is mó díobh go dtí meán oíche. Oibríonn dhá bhealach (Bealaí 220 agus 226) tar éis meán oíche. Dáiríre, oibríonn Bealach 220 ar feadh 24 huaire an chloig.

Ní thairgeann deich mbealach ach turais ócáideacha. Tá siad le feiceáil sa tábla mar bhloic **dhonna**. Más rud é nach bhfreastalaíonn bealach ach ar threo taistil amháin ag am ar leith, beidh an dath haitseáilte.




### An Gréasán Minic

Is ionann na sé bhealach le chéile agus gréasán ardmhinicíochta. Nuair a bhíonn busanna ag teacht go comhsheasmhach gach deich nóiméad nó gach 15 nóiméad, ní gá d'úsáideoirí an sceideal a chur de ghlanmheabhair. Is cuma cén uair ba mhaith leo taisteal, beidh bus eile ag teacht roimh i bhfad. Fágann an t-aga feithimh sin a bhíonn gearr ar bhonn comhsheasmhach gur féidir cómhalartú i measc bealaí minice go measartha gasta.[1]

> ***Dá ghiorracht a dturas is ea is lú a chuireann daoine suas le haga fada feithimh.***


Oibríonn dhá bhealach gach deich nóiméad ar laethanta le linn na seachtaine (Bealaí 202/202A agus 208) agus oibríonn ceithre bhealach eile gach 15 nóiméad ar laethanta le linn na seachtaine (Bealaí 205, 206, 213 agus 220). Coinníonn gach ceann de na bealaí sin, seachas Bealach 205, a n-ardmhinicíocht le linn an lae ar bun ar an Satharn, ach is giorra a raon oibriúcháin. Ar an Domhnach, ní thairgeann ach trí bhealach seirbhís mhinic (Bealaí 202/202A, 208 agus 220, a thagann gach 15 nóiméad).

Mar atá tuairiscithe ar leathanach 15, is tábhachtaí seirbhís ardmhinicíochta nuair atá an t-iompar poiblí ag iarraidh daoine a mhealladh le haghaidh a dturas gearr. Dá ghiorracht turas na ndaoine is ea is lú a chuirfidh siad suas le haga fada feithimh sula roghnóidh siad rogha eile.


---

1 Sa lá atá inniu ann, is gá do mhórán paisinéirí táille bhreise a íoc as cómhalartú. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag leasú táillí mar chuid de BusConnects agus, dá bharr sin, ní ghearrfar táille bhreise as cómhalartú sa todhchaí.

# Léarscáil den Ghréasán Bus: Limistéar Cathrach Chorcaí



# Léarscáil den Ghréasán Bus: Cathair Chorcaí



# Léarscáil den Ghréasán Bus: Lár Cathrach Chorcaí

Tá an gréasán bus i lár Chorcaí, áit a n-éiríonn sé an-chasta, le feiceáil ar an léarscáil ar dheis. Is cinnte go bhfuil sé doiligh do dhaoine nua i gCorcaigh an gréasán a thuiscint agus go bhfuil sé doiligh dóibh a fhoghlaim go gasta cá háit ar féidir leo dul d'iompar.

Cúis pháirteach leis an gcastacht sin is ea sráideanna aontreo, a chuireann ar an iompar patrúin dhifriúla a thairiscint agus dul chuig stadanna difriúla le haghaidh an dá threo den taisteal.

Tagann a lán bealaí chun deiridh i lúba móra aontreo sa lár. Fágann lúba aontreo gur gá do dhaoine níos mó ama a chaitheamh ag taisteal feadh na lúibe, nó is féidir leo tuirlingt agus turas níos faide a thógáil de shiúl na gcos.

Is féidir tuilleadh tuairisce a fháil ar na leathanaigh dar tosach leathanach 42 ar an méid a dhéanann lúba aontreo agus scoilteacha aontreo difear do thurais daoine.

**Central Cork**


**Weekday Midday Bus Network**

**Route Frequency at Midday on Weekdays**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 208 | Upto 10 mins | 200 | 35 - 60 mins |
| 205 | 10 - 15 mins | 201 | Limited trips |
| 202 | 15 - 20 mins | 202 202A | Combined higher freq. |
| 207 | 20 - 35 mins | 220 220 | Some trips continue at lower freq. |


Major Bus Stop in the City Centre

Source: Bus Éireann & Cobh Connect GTFS, March 2021



# Minicíochtaí agus Raonta na mBealaí Bus





# Gaireacht d'Aon Seirbhís, agus Seirbhís Mhinic

Léirítear sa ghraf ar dheis an líon measta daoine agus post atá lonnaithe laistigh de **thuras thart ar chúig nóiméad de shiúl na gcos** ó bhealach bus.[1] Tá an ghaireacht do sheirbhísí bus a bhfuil minicíochtaí éagsúla acu léirithe i ndathanna difriúla ar an ngraf.

Is féidir an graf seo a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna pátrúnachta agus spriocanna cumhdaigh araon.

Freastalaítear ar spriocanna cumhdaigh, amhail cuimsiú sóisialta, nuair a mhéadaítear an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist atá lonnaithe in aice le ***haon seirbhís***.


Freastalaítear ar spriocanna pátrúnachta, amhail astaíochtaí feithiclí a laghdú, nuair a mhéadaítear an céatadán de dhaoine atá lonnaithe in aice le ***seirbhís mhinic***.

A luaithe a fhorbrófar Dréacht-Ghréasán Nua, soláthrófar tomhas den chineál céanna don Dréacht sin ionas gur féidir leis an bpobal a fheiceáil cén dóigh a n-athródh sé a ghaire atá daoine do sheirbhís.

1 Tabhair faoi deara go n-úsáidtear san anailís seo sonraí Daonáirimh do "Limistéir Bheaga", a bhfuil roinnt díobh measartha mór i ndáiríre. Níl ann ach meastachán, mar sin, mar is féidir go mbeidh daoine a chónaíonn i Limistéir Bheaga thuaithe níos gaire don iompar ná mar is féidir linn a fháil amach ón bhfoinse sonraí sin. Más rud é go mbeidh sonraí níos beaichte ann ar láthair na n-áiteanna cónaithe agus na bpost ag céim níos déanaí den tionscadal seo, is féidir go mbeifear in ann tomhas níos mine a dhéanamh.

## An Ghaireacht do Stadanna Iompair ag Meán Lae

*Cá mhéad duine i Limistéar Cathrach Chorcaí atá gar do stadanna iompair?*




*Tabhair faoi deara: Tomhaistear gaireacht mar láthair atá laistigh de thuras 400 m de shiúl na gcos ó stad iompair*

# Tá Baint ann idir Minicíocht agus Táirgiúlacht

Is é atá i gceist le táirgiúlacht ná an phátrúnacht a bhaintear amach i gcoibhneas leis an gcostas a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar. Is ionann bealach atá an-táirgiúil agus ceann a mheallann cuid mhór úsáideoirí i gcoibhneas lena chostas oibriúcháin.[1]

Is dóigh go mbeidh bealaí minice níos táirgiúla ná bealaí eile. Ní hé amháin go meallann siad níos mó paisinéirí, ach *méadaíonn siad an líon paisinéirí go díréireach* i gcoibhneas leis an gcostas níos airde a bhaineann leis an minicíocht níos fearr a sholáthar freisin.

Léirítear ar an scaipghram ar dheis sonraí bealaí ó ghréasán bus Chorcaí ag deireadh na bliana 2019 (roimh an bpaindéim). Tá na bealaí is minice scaipthe ar chlé agus tá na bealaí is táirgiúla le feiceáil níos airde ar an ngraf.


Mar a léirítear ar an gcuar cléchliathánach aníos, tá bealaí an-mhinic níos táirgiúla, ar an meán, ná cinn eile.

Tá an patrún céanna le feiceáil i mbeagnach gach gréasán bus a bhfuil méid mheasartha ar a laghad ann. Tarlaíonn sé sin toisc, agus iad sa tóir ar phátrúnacht níos airde, gur nós le pleanálaithe iompair phoiblí minicíocht a mhéadú ar bhealaí atá an-táirgiúil cheana féin nó ar bhealaí a fhreastalaíonn ar limistéir a bhfuil acmhainneacht ardphátrúnachta acu. Nuair a mhéadaíonn siad minicíocht bealaí in áiteanna atá dírithe an oiread sin ar an iompar poiblí, is é an meántoradh atá air sin gur mó an fás i bpátrúnacht ná costas méadaithe na minicíochta.

Is gnách go mbíonn ísealtáirgiúlacht ag an iompar poiblí in áiteanna nach gcuidíonn geoiméadracht an phatrúin forbartha le hardrochtain ar an iompar poiblí iontu. Is féidir leis an iompar poiblí freastal ar spriocanna cumhdaigh tábhachtacha, áfach, i limistéir ina bhfuil an *fháil* ar an tseirbhís ar an rud is tábhachtaí. I limistéir den sórt sin, is gnách go dtairgeann soláthraithe iompair seirbhís ainmhinic toisc go bhfuil sé deacair údar a thabhairt le costas na minicíochta níos fearr le haghaidh líon beag paisinéirí.

Ní féidir linn minicíocht *aon* bhealaigh ar leith a mhéadú agus a bheith ag súil leis ag an am céanna go méadóimid táirgiúlacht freisin. Ní mór na dálaí geografacha agus geoiméadracha a bheith ann freisin: dlús, insiúltacht, líneacht, gaireacht, agus meascán úsáidí talún.

Táirgiúlacht agus Minicíocht Bhealaí Bus Chorcaí
Samhain 2019




1 Slí choitianta inar féidir an costas oibriúcháin don iompar a chur in iúl is ea "uaireanta feithiclí" nó "uaireanta ioncaim", a chiallaíonn an líon uaireanta atá feithicil agus a tiománaí ar an mbóthar agus ar fáil do phaisinéirí.

Léirítear sa tábla ar dheis cainníocht na seirbhíse a soláthraíodh, an phátrúnacht iomlán agus an táirgiúlacht iarmhartach ar gach bealach sa bhliain 2019. Tá dath na n-uimhreacha bunaithe ar a luach coibhneasta, áit a seasann flannbhuí do na luachanna is airde agus a seasann donn do na luachanna is ísle.

Léirítear sa cholún ar dheis ar fad an mhinicíocht ag meán lae ar gach bealach sa bhliain 2019, agus iad dathaithe de réir minicíochta, mar atá ar na léarscáileanna sa tuarascáil seo.

Má tá sé tábhachtach pátrúnacht a mhéadú, ní mór dúinn féachaint ar **tháirgiúlacht** bealaí agus ar an bpátrúnacht iomlán. Ós rud é nach féidir le haon údarás méideanna airgid gan teorainn a chaitheamh chun gach paisinéir breise a shaothrú, tá sé tábhachtach a thuiscint cé chomh héifeachtúil agus a mheallann bealaí atá ann cheana gach paisinéir ar a bhfreastalaíonn siad.

Mar shampla, más rud é go dtairgeann bealach beagán seirbhíse ach go bhfuil sé measartha táirgiúil faoi láthair, is léiriú é sin i gcásanna áirithe go bhfuil ardacmhainneacht ag an mbealach sin fás a bhaint amach i bpátrúnacht. D'fhéadfadh go mbeadh codanna de bhealaí 215A agus 219 ina sampla de sin. Cé go soláthraítear iad go hainmhinic agus go ngabhann infheistíocht seirbhíse measartha íseal leo, meallann siad líon measartha paisinéirí go fóill.

Os a choinne sin, más rud é go dtairgeann bealach ardleibhéal seirbhíse ach nach meallann sé an oiread sin paisinéirí, is léiriú é sin i gcásanna áirithe go bhfuil acmhainneacht ísealphátrúnachta ag an mbealach sin. D'fhéadfadh go mbeadh Bealach 216 ina shampla de sin. Cé go soláthraíonn sé minicíocht 30 nóiméad agus go n-oibríonn sé seacht lá in aghaidh na seachtaine, is amhlaidh, i gcoibhneas lena chostais, gur lú an líon paisinéirí a mheallann sé ná an líon a mheallann bealaí nach soláthraíonn seirbhís chomh mór céanna.

| Bealach | Ainm | **Soláthar Seirbhíse** (Uaireanta tiomána feithiclí in aghaidh na seachtaine, Samh. 2019) | **Pátrúnacht Iomlán** (In aghaidh na seachtaine, Samh. 2019) | **Táirgiúlacht** (Úsáideoirí in aghaidh na huaire tiomána feithiclí) | **Minicíocht** (Laethanta le linn na seachtaine, meán lae, Samh. 2019) |
|---|---|---|---|---|---|
| 206 | An Ghráinseach – An Meal Theas | 267 | 17,275 | 65 | 15 |
| 208 | Luaiteach Beag – Ospidéal Marymount | 790 | 50,734 | 64 | 10 |
| 205 | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan – Stáisiún an Cheanntaigh | 360 | 22,976 | 64 | 15 |
| 213 | Saoráid Páirceála agus Taistil na Fuinseoige Duibhe – Sráid Phádraig | 147 | 8,850 | 60 | 12 |
| 215A | Oileán Iacóib – An Meal Theas | 89 | 5,057 | 57 | 30 |
| 215 | Oileán Iacóib – Cloch Reo | 456 | 23,005 | 50 | 30 |
| 202 | Cnoc an Chuilinn – Rinn Mhachan | 942 | 47,174 | 50 | 10 |
| 221 | Cnoc Rátha – Cé na gCeannaithe | 182 | 8,675 | 48 | 30 |
| 219 | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan – Geata na Cathrach | 103 | 4,842 | 47 | 60 |
| 214 | Cnoc Rátha – Ospidéal Ollscoile Chorcaí | 345 | 15,433 | 45 | 20 |
| 203 | Feirm an Mhainéir – Cnocán an Aonaigh | 440 | 18,745 | 43 | 20 |
| 207 | Domhnach Broc – Arda an Ghleanna | 410 | 15,544 | 38 | 30 |
| 220 | Carraig Uí Leighin – na hUamhanna | 1426 | 52,582 | 37 | 15 |
| 226 | Cionn tSáile – An tAerfort – Stáisiún an Cheanntaigh | 261 | 9,448 | 36 | 60 |
| 209A | Siúlán na Manach – Cé na gCeannaithe | 7 | 246 | 36 | 90 |
| *226+226A* | An tAerfort – Stáisiún an Cheanntaigh | *384* | *12,837* | 33 | *30* |
| 223 | Rinn an Scidígh – An Meal Theas | 238 | 7,624 | 32 | 60 |
| 207A | Glenthorne – Cé na gCeannaithe | 84 | 2,590 | 31 | 60 |
| 220X | Na hUamhanna – Bun an Tábhairne | 220 | 6,190 | 28 | 60 |
| 226A | An tAerfort – Stáisiún an Cheanntaigh | 123 | 3,389 | 27 | 60 |
| 216 | Baile an Mhanaigh – Ospidéal Ollscoile Chorcaí | 462 | 12,619 | 27 | 30 |
| 209 | Luaiteach Mór – Sráid Phádraig | 12 | 203 | 17 | 90 |
| 201 | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan – Luaiteach Beag | 50 | 796 | 16 | 90 |

# Castacht

Is gréasán casta é gréasán Chorcaí, agus aird á tabhairt ar an méid measartha beag atá ann. Is as roinnt tosca a thagann an chastacht sin:

1. Tá an tseirbhís roinnte ina cuid mhór bealaí chun gur féidir léi oibriú ar a lán sráideanna cóngaracha.
2. De bharr sráideanna aontreo, ní ionann bealaí don dá threo taistil.
3. Tá a lán bealaí ina mbealaí speisialaithe le haghaidh cineálacha sonracha turas. Ní thairgeann siad ach dornán turas in aghaidh an lae nó ní nascann siad ach cúpla stad bus lena chéile. (Tá na trí bhealach is lú táirgiúlacht sa tábla ar an leathanach deiridh cosúil leis na bealaí sin.)
4. Is ag a lán bealaí, laistigh dá sceideal laethúil, atá turais speisialta nach soláthraítear ach ag amanna áirithe den lá.
5. Díspreagtar cómhalartú trí tháille eile a ghearradh nuair a théann daoine ar bhord bus eile le linn a dturais. Cruthaíonn sé sin gréasán atá deartha chun íoslaghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann le cómhalartú, rud as a dtagann tuilleadh bealaí a sholáthraítear de réir minicíochtaí níos measa.

Cén difear a dhéanann an chastacht sin d'úsáideoirí iompair phoiblí, go háirithe daoine atá tar éis bogadh go Corcaigh ar son na hollscoile nó na hoibre nó ar chúiseanna eile?

1. Is gá do dhaoine roinnt bealaí éagsúla a fhoghlaim agus cuimhneamh orthu, i gcoibhneas le méid an limistéir chathrach agus leis an méid iompair a sholáthraítear ann.
2. Má tá daoine ag taisteal chuig an lár, is amhlaidh, ina lán cásanna, go bhfuil an stad ag a dtuirlingíonn siad suite roinnt bloc ar shiúl ón stad ag ar cheart dóibh athbhordáil dá dturas fillte.
3. Má tá daoine ag iarraidh taisteal lasmuigh de na hamanna ina n-oibríonn bealach an-speisialaithe, is féidir go bhfanfaidh siad tamall fada chun an bus a úsáid nó go gcinnfidh siad nach bhfuil an t-iompar oiriúnach dóibh ar chor ar bith.
4. Má thagann athrú ar bhealach roinnt uaireanta le linn an lae, tarlóidh sé ó am go chéile go rachaidh daoine nach bhfuil eolas acu ar an gcóras ar bhord an bhus mhíchirt agus go gcríochnóidh siad i gceann scríbe nach raibh siad ag súil leis.
5. Is córas casta é gréasán nach n-éascaíonn an oiread sin cómhalartaithe agus, go deimhin, méadaíonn sé an fad turais d'fhormhór na ndaoine.

Tá an cúigiú pointe maidir le cómhalartú pléite ar leathanach 69.


Ní éascaíonn castacht fhoriomlán an ghréasáin bhus fás paisinéirí. Simplíodh an gréasán a bhuí le roinnt de na hathruithe is rathúla a rinneadh air thar na deich mbliana seo a chuaigh thart, lenar áiríodh infheistiú i mbealaí a oibríonn an lá ar fad agus an tseachtain ar fad agus seirbhís mhinic a sholáthar ar chonairí líneacha soiléire. Tugann athdhearadh gréasáin BusConnects Chorcaí deis dúinn an gréasán a shimpliú agus é a dhéanamh níos so-úsáidte do phaisinéirí atá ann cheana agus do phaisinéirí amach anseo araon.

Tá Corcaigh ag súil le mórfhás geilleagrach agus daonra sa todhchaí. Ciallaíonn sé sin go dtiocfaidh a lán cónaitheoirí nua go Corcaigh agus, tráth a thiocfaidh siad, go ndéanfaidh siad cinntí maidir le cén áit a gcónóidh siad, cén áit a lorgóidh siad poist agus cé acu a cheannóidh nó nach gceannóidh siad carr (agus teach a fhágfaidh gur gá dóibh comaitéireacht a dhéanamh).

Más rud é nach féidir le cónaitheoirí nua an gréasán iompair a thuiscint agus nach bhfeicfidh siad an fiúntas atá leis go tapa, déanfaidh sé sin difear do na roghanna a dhéanfaidh siad mar dhaoine aonair. Carnfaidh na roghanna aonair sin agus déanfaidh siad difear do rath Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí maidir le hastaíochtaí gluaisteán a laghdú agus maidir le gan plódú a mhéadú agus cónaitheoirí nua ag teacht isteach.

# Scoilteanna Aontreo

**Tá an chuma air go gcumhdaítear achar níos mó le bealach atá scoilte de réir treo. Dáiríre, cumhdaítear achar níos lú leis.**




Foinse castachta amháin sa ghréasán bus atá ann cheana i gCorcaigh is ea limistéir ina bhfuil an dá threo seirbhíse suite ar shráideanna difriúla. Mar thoradh ar na scoilteanna aontreo sin, *laghdaítear* an t-achar a bhfreastalaíonn bealach air, fiú i gcás go bhfuil cuma níos mó air ar an léarscáil. Tá sé sin léirithe ag an mbarr ar dheis.

Is gá don iompar bheith úsáideach sa *dá threo*. Nuair is scoilte atá an dá threo de bhealach, tógann daoine bealaí siúil difriúla don dá thuras (rud a chuireann le castacht a bpleanála turais). Ní mór dóibh achair dhifriúla a shiúl freisin.

Dá leithne an scoilt idir an dá threo de bhealach is ea is mó an líon daoine a measfaidh go bhfuil a dturas de shiúl na gcos rófhada le haghaidh treo taistil amháin. Is fíor sin i gcás aon achair shiúil, is cuma cé acu a thógfaidh sé 5 nóiméad, 10 nóiméad nó 20 nóiméad. Is fíor é freisin beag beann ar na sainroghanna pearsanta éagsúla atá ag daoine aonair maidir le hachar siúil.


Tugtar ar an léarscáil ar dheis sampla de scoilt aontreo ar bhealach agus den dóigh a ndéanann an scoilt sin difear don achar siúil uasta a bheidh ag duine chuig stad bus. Tá Bealaí 202/202A – a thairgeann, i dteannta a chéile, seirbhís ardmhinicíochta idir Rinn Mhachan agus Cnoc an Chuilinn i gCorcaigh – scoilte ó thaobh treo de i nGarrán na mBráthar. Leanann busanna atá ag dul siar Bóthar na hArdeaglaise agus Bóthar an Bháicéara agus leanann busanna atá ag dul soir Ascaill Pháirc na hEaglaise agus Bóthar Gharrán na mBráthar, mar atá léirithe thuas.

Cé gur cosúil ar an léarscáil go bhfuil rochtain ag líon níos mó daoine ar sheirbhís mhinic mar thoradh ar an scoilt, níl an méid sin fíor ach amháin do dhaoine ar féidir leo siúl chuig an taobh *is cianda* den scoilt.

Sa sampla seo, níl ach turas sé nóiméad de shiúl na gcos ag cónaitheoirí ar Bhóthar Pháirc Bheanntraí chuig an stad bus soir ag Cnoc Pháirc na hEaglaise. Nuair a fhilleann siad abhaile, áfach, casann busanna atá ag dul siar ar shiúl ó theach na ndaoine sin. Ní mór dóibh tuirlingt ar Bhóthar na hArdeaglaise agus tógann an turas abhaile 12 nóiméad de shiúl na gcos.


Laghdaíonn sé sin an líon daoine a mheasann go bhfuil siad gar go leor do Bhealach 202/202A chun é a úsáid.

Tá beagnach gach bealach roinnte ina scoilteanna nó ina lúba aontreo i lár Cathrach Chorcaí. Ceann de na cúiseanna leis sin is ea gur dearadh na sráideanna aontreo chun an sreabhadh carrthráchta a éascú. Ar an léarscáil thuas ar dheis, úsáidtear Bealach 214 chun an difear idir an t-aga siúil ar an turas chun na hoibre agus an t-aga siúil ar an turas abhaile a léiriú.



Má bhogtar na stadanna do gach treo iompair phoiblí níos faide ar shiúl óna chéile, méadófar arís eile an t-achar siúil don dá threo taistil. Cé gur féidir go mbeidh an *meánturas* de shiúl na gcos inghlactha, tá roinnt daoine íogair i leith an turais *is faide* a iarrtar orthu a thógáil de shiúl na gcos.

Cé gur cosúil nach bhfuil ach difríocht bheag ann idir na hagaí siúil sa sampla seo de lár Cathrach Chorcaí, is amhlaidh go n-oibríonn beagnach gach bealach ar an tslí sin sa lár. Ní hé amháin go méadaíonn sé sin agaí siúil, ach cuireann sé lena chasta agus lena mhearbhlaí atá an gréasán do chónaitheoirí nua freisin. Cé nach n-imrítear ach tionchar beag ar eispéireas gach duine aonair, méadaíonn an tionchar sin de réir mar a imrítear ar na mílte agus na mílte daoine é. Má dhéanann sé difear don daonra ar fad, beidh tionchar ag aon athrú nó dídhreasú beag ar na torthaí foriomlána.




**_Nuair atá an dá threo de bhealach suite i bhfad óna chéile, measfaidh roinnt daoine gur rófhada dóibh atá an turas de shiúl na gcos ar cheachtar bealach._**

# 4 Léarscáileanna Daonra agus Úsáide Talún

# Acmhainneacht Pátrúnachta agus Riachtanas

Sa chaibidil seo, cuirimid sonraí i láthair lena gcuirtear bonn eolais faoi dhá chineál dhifriúla tosca i bpleanáil iompair:

- *Cá bhfuil na margaí is láidre don iompar, ar margaí iad a bhfuil acmhainneacht acu ardphátrúnacht agus ísealchostais oibriúcháin a bhaint amach?*
- *Cá bhfuil na riachtanais mheasartha nó na dianriachtanais leis an iompar, áit a bhfuil tábhacht ag baint le seirbhísí, fiú i gcás nach meallann siad ardphátrúnacht?*

Sna léarscáileanna, baintear leas as sonraí ó Dhaonáireamh 2016 agus as foinsí eile.

Léirítear na nithe seo ar na léarscáileanna ar na leathanaigh seo a leanas:

- Gníomhaíocht, lena gcomhcheanglaítear cónaitheoirí agus poist agus lena léirítear, mar sin, na háiteanna ina bhfuil úsáidí talún measctha
- Cónaitheoirí
- Poist
- Teaghlaigh gan Charr
- Comaitéirí Iompair
- Cónaitheoirí Dífhostaithe
- Cónaitheoirí ar Scor
- Daoine óga


Léirítear ar na léarscáileanna seo dlús gach grúpa daonra ar fud an limistéir chathrach.

Ní leor dlús ina aonar chun tacú le hardrochtain agus le hardphátrúnacht. Ní mór dúinn na léarscáileanna seo a scrúdú i leith na dtréithe geografacha uile lena léirítear acmhainneacht le haghaidh ardrochtana agus ardphátrúnachta:

- **Insiúltacht**. Léirítear ar an léarscáil dheireanach sa tsraith seo a mhéid a chuidíonn an gréasán áitiúil sráideanna agus cosán le turais ghearra de shiúl na gcos a sholáthar chuig stadanna bus.
- **Líneacht**. Nochtar ar na léarscáileanna seo, go háirithe nuair a amharctar orthu i dteannta a chéile, cén áit ar féidir leis an iompar oibriú ina línte atá measartha díreach, gan malairt slí a thógáil nó gan patrúin thimpeallacha a leanúint, agus freastal ar líon measartha mór daoine agus gníomhaíochtaí ag an am céanna.
- **Gaireacht**. Tógann sé am chun limistéir thuaithe agus spás oscailte a thrasnú agus ídíonn sé an buiséad oibriúcháin. Mar sin, dá fhaide atá cinn scríbe suite ar shiúl óna chéile is ea is mó an costas a bhaineann le iad a nascadh lena chéile nó is ea is measa an mhinicíocht is féidir a thairiscint feadh an achair sin.
- **Meascán Úsáidí.** Tugtar an léiriú is fearr air seo ar an gcéad léarscáil sa tsraith, rud ar a léirítear Gníomhaíocht. In áiteanna atá dlúth ó thaobh cónaitheoirí de agus ó thaobh post de araon, is féidir an tseirbhís iompair a úsáid ar shlí níos éifeachtúla: sa dá threo an lá ar fad agus an tseachtain ar fad.

Tá na tosca sin agus an tionchar geoiméadrach a imríonn siad ar rochtain ar an iompar poiblí agus ar éifeachtúlacht an iompair phoiblí léirithe ar leathanaigh dar tosach leathanach 20.

# Gníomhaíocht (Cónaitheoirí + Poist)




Léirítear ar an léarscáil de **dhlús gníomhaíochta** ar an leathanach roimhe dlús post agus dlús cónaithe i dteannta a chéile. Cumasaíonn sé sin dúinn sainaithint a dhéanamh ar limistéir atá dlúth ó thaobh post de nó ó thaobh cónaitheoirí de agus ar limistéir ina bhfuil ardmheascán cónaitheoirí agus post.

Maidir le limistéir ina bhfuil a lán post agus cónaitheoirí, is dóigh go mbeidh a lán úsáideoirí féideartha iompair agus a lán ceann scríbe iontu. Maidir le limistéir ina bhfuil úsáid mheasctha le fáil, is dóigh go nginfidh siad turais i ngach treo agus ag cuid mhór amanna den lá agus den tseachtain. Fágann sé sin gur féidir ardphátrúnacht a mhealladh go héifeachtúil, toisc go bhfuil seirbhísí agus feithiclí úsáideach sa dá threo de gach bealach.

Ar an léarscáil gníomhaíochta, sainaithnítear limistéir (i mbuí) ar lárionaid phost go príomha iad agus sainaithnítear limistéir (i ngorm) ar lárionaid chónaithe go príomha iad. Tá dlúthmheascán úsáidí ann i gcodanna móra de Chathair Chorcaí láir (mar atá léirithe i bhflannbhuí, i ndearg agus i ndú-bhándearg). Is féidir meascán úsáidí a fheiceáil sna láir bhailte sa Chontae freisin, cé nach bhfuil siad chomh suntasach céanna.

# Cónaitheoirí




Ós rud é go dtosaíonn agus go gcríochnaíonn a lán turas sa bhaile, tá acmhainneacht ardphátrúnachta ag áiteanna ina gcónaíonn a lán daoine. Tá na háiteanna sin ina gceann scríbe do thurais daoine eile freisin, mar shampla chun cuairt a thabhairt, chun aire a thabhairt do bhaill teaghlaigh nó chun leas a bhaint as seirbhísí a sholáthraíonn duine ón mbaile. Trína thuiscint cé na háiteanna ina gcónaíonn a lán daoine i ngar dá chéile, cabhrófar linn a fheiceáil cá bhfuil an margadh is mó ann don iompar.

Is i gCathair Chorcaí atá an t-achar is mó de dhlús cónaithe comhchruinnithe i lárionaid Limistéar Cathrach Chorcaí. Tá níos mó ná 5,600 cónaitheoir in aghaidh an chiliméadair chearnaigh ann i gcuid mhór de limistéar Chathair Chorcaí láir. Tá an dlús cónaithe beagáinín níos airde laisteas den abhainn ná lastuaidh di.

Tá roinnt paistí meánmhéide eile dlúis chónaithe ann lasmuigh de limistéar Chorcaí láir, amhail Baile an Chollaigh, Carraig Uí Leighin, Carraig Thuathail, an Cúl Bán agus an Cóbh. Tá paistí beaga dlúis chónaithe ann i mbailte beaga amhail Baile Garbháin, Baile Mhuirín, Blarnán, Cluain, Cros na gCillíní, Gort Uí Nuanáin, Rinn an Scidígh, an Pasáiste, Teamhair agus an Geata Bán.

Is féidir patrún forbartha atá fadhbach ó thaobh an iompair de a fheiceáil ar an léarscáil seo, is é sin le rá: dlúthfhorbairtí tithíochta a bheith suite *ar shiúl* ó na príomhbhóithre. Maidir le roinnt de na limistéir atá i ndúghorm timpeall ar fhorimeall Chorcaí agus sna bruachbhailte, tá siad suite ar imeall na limistéar uirbithe, seachas ar phríomhbhóthar, agus tá siad scartha ó dhlútháiteanna eile de bharr forbairtí nach bhfuil chomh dlúth céanna nó de bharr débhealaí.


Nuair a cheadaítear dlúthfhorbairtí cónaithe in áiteanna atá suite i bhfad ar shiúl ó na príomhbhóithre, go háirithe i gcás go bhfágann na gréasáin áitiúla sráideanna go bhfuil sé deacair do na cónaitheoirí sin siúl chuig na príomhbhóithre, laghdaítear úsáideacht an iompair agus pátrúnacht iompair araon.




- Is dual do chónaitheoirí, agus dá n-oifigigh phoiblí, a iarraidh go gcuirfí busanna ar mhalairt slí den phríomhbhóthar chun go mbeadh siad níos gaire dóibh. D'fhágfadh sé sin, áfach, nach mbeadh an tseirbhís chomh húsáideach céanna do gach duine eile, mar atá tuairiscithe ar leathanach 26.
- Sa chás sin, d'fhéadfadh go gcuirfeadh an soláthraí iompair bealach ar mhalairt slí chuig an bhforbairt nó go n-oibreodh sé bealach eile tríthi. I gceachtar cás, bheadh méadú ann ar an líon ciliméadar ar a mbeadh an t-iompar leata, rud a laghdódh minicíocht na seirbhíse atá inacmhainne laistigh d'aon bhuiséad ar leith.

Tá sampla de na forannta laisteas de N40 i gCorcaigh ciorclaithe ar an léarscáil thuas. Tá tithíocht atá measartha dlúth scaipthe ar a lán bóithre, in ionad a bheith eagraithe ina lárionad nó feadh conaire a bhféadfaí freastal go héifeachtúil uirthi.

# Poist agus Deiseanna Oideachais



**Is féidir linn dlús post agus oideachais** a úsáid chun a fheiceáil cá bhfuil na cinn scríbe thábhachtacha a dtaistealaíonn daoine chucu gach lá ar son na hoibre nó na scoile.

Meallann roinnt limistéar atá dlúth ó thaobh post de níos mó ná comaitéirí amháin. Is ionann láithreacha post tráchtála agus miondíola agus áiteanna a dtéann daoine chucu go tráthrialta le linn an lae chun siopadóireacht a dhéanamh, chun cúram leighis a fháil, chun bualadh le daoine eile, chun coinneáil aclaí agus chun tabhairt faoi na gníomhaíochtaí uile eile a dhéanann an saol iomlán.


I gCathair Chorcaí, tá ard-dlús post agus deiseanna oideachais lonnaithe i gcomharsanacht Chathair Chorcaí láir, ag ollscoileanna, ag ospidéil agus ag scoileanna. Tá lárionaid phost ann i mBaile an Chollaigh ar an taobh thiar, i bPáirc Teicneolaíochta Loch Mahan ar an taobh thoir agus i bPáirc Gnó agus Teicneolaíochta Choill Chnap ar an taobh thuaidh freisin.

Tá dlúthfhostaíocht ann sna láir bhailte i gContae Chorcaí, amhail Carraig Uí Leighin, an Cóbh agus Mainistir na Corann, agus i bPáirc Miondíola an Gheata Thoir ar an Oileán Beag.

Agus iad ina ndlúis níos ísle, tá poist scaipthe timpeall ar Aerfort Chorcaí, i Rinn an Scidígh, i gCarraig Thuathail agus sa pháirc thionsclaíoch laisteas de Charraig Uí Leighin chomh maith. Cé go bhfuil cáil ar leith ar Rinn an Scidígh mar gheall ar an líon mór post atá suite inti, tá na poist sin scaipthe thar achar chomh mór sin go bhfuil siad beagnach dofheicthe ar an léarscáil seo.

Tá an scaipeadh leathan sin ina ngnáthghné de phatrúin nua-aimseartha forbartha tionsclaíche. Fágann sé go bhfuil sé níos deacra freastal ar na poist sin tríd an iompar poiblí, go háirithe i gcás go bhfuil foirgnimh suite ag ceann cul de sac nó taobh thiar de bhallaí. Is é an toradh a bhíonn ar an ísealdlús post i limistéir den sórt sin uaireanta ná nach mór d'oibrithe achar fada a shiúl ón stad bus chuig an láithreán post iarbhír.


# Teaghlaigh gan Charr



Léirítear ar an léarscáil ar an leathanach roimhe cén áit a bhfuil **teaghlaigh gan charr** comhchruinnithe i Limistéar Cathrach Chorcaí. Tá ard-dlúis teaghlach gan charr ann i gCathair Chorcaí láir, go háirithe lastuaidh den abhainn, agus ar an gCóbh.

Tá teaghlaigh gan charr ina léiriú ar an acmhainneacht le haghaidh ardphátrúnachta agus ar an riachtanas atá ann le seirbhís iompair araon. In áiteanna atá suite i bhfad ar shiúl ó Lár Cathrach Chorcaí agus ó láir bhaile áitiúla, is féidir gur beag rogha, seachas an t-iompar, atá ag teaghlaigh agus iad ag iarraidh áiteanna oibre nó seirbhísí a shroicheadh lasmuigh dá gcomharsanacht nó dá mbaile.


# Comaitéirí Iompair Phoiblí



Léirítear ar an léarscáil de **chomaitéirí iompair** ar an leathanach roimhe cén áit ar chónaigh daoine a bhí ag brath ar an iompar don turas chun na hoibre nó chun na scoile sa bhliain 2016.

Murab ionann agus an léarscáil roimhe de theaghlaigh gan charr, léirítear ar an léarscáil seo cén áit a raibh daoine ag brath ar an iompar agus a raibh an t-iompar ar fáil araon sa bhliain 2016. D'fhéadfadh go mbeadh acmhainneacht ann le haghaidh an líon turas comaitéireachta iompair a mhéadú i gcomparáid leis an líon a bhí ar fáil ar an ngréasán sa bhliain 2016 nó leis an líon atá ar fáil inniu, fiú.


# Cónaitheoirí Dífhostaithe



Léirítear ar an léarscáil de **chónaitheoirí dífhostaithe** ar an leathanach roimhe cén áit ar chónaigh daoine nach raibh i mbun fostaíochta sa bhliain 2016. Cé nach bhfuil i ndífhostaíocht ach tomhas amháin ar an díothacht, is féidir léi cabhrú linn sainaithint a dhéanamh ar limistéir ina mbeadh an t-iompar luachmhar ar chúiseanna sóisialta, fiú i gcás nach meallann sé ardphátrúnacht.

Tá ard-chomhchruinnithe cónaitheoirí dífhostaithe ann i gCathair Chorcaí láir agus i roinnt codanna forimeallacha den Chathair, agus ar an gCóbh go háirithe. Is mó an dlús cónaitheoirí dífhostaithe lastuaidh den abhainn i gCorcaigh ná laisteas di.

# Cónaitheoirí ar Scor



Tá an dlús **cónaitheoirí ar scor** ag teacht, tríd is tríd, le patrúin an dlúis chónaithe fhoriomláin.

Cónaíonn daoine ar scor ina ndlúis arda ar an Leathfhearann agus in aice le hOspidéal Ollscoile Chorcaí. Is an-dlúth atá roinnt limistéar cónaithe daoine ar scor agus tithe altranais lastuaidh den abhainn i gCorcaigh.


Ba le Pasanna Saorthaistil ón Roinn Coimirce Sóisialaí a íocadh 29% de na táillí uile ar bhord seirbhísí atá fóirdheonaithe go poiblí i gCorcaigh sa bhliain 2019. Tá na pasanna sin ar fáil do dhaoine os cionn 65 bliana d'aois agus do dhaoine a bhfuil míchumais áirithe acu.

Is eol go bhfuil claonadh mór ag daoine ar scor agus ag seanóirí leis an iompar poiblí a úsáid. Mar ghrúpa, is gnách nach ionann na sainroghanna pearsanta atá acu maidir le dearadh seirbhísí iompair agus iad sin atá ag daoine níos óige agus ag oibrithe:

- Is minic is fearr leo turas níos giorra de shiúl na gcos chuig an stad bus agus uaidh araon.
- Is minic a bhíonn níos mó ama acu chun a dturas a phleanáil agus a thógáil.
- Tá seans i bhfad níos lú ann go dtógfaidh siad turais ar ina leith nach bhfuil aon smacht acu ar an uainiú (amhail turais chun na hoibre nó chun na scoile). Dá bhrí sin, tá cumas níos fearr acu a dturais a uainiú bunaithe ar an sceideal bus.

Ar na cúiseanna sin, tá sé an-tábhachtach do roinnt daoine ar scor agus seanóirí go n-oibríonn bealaí iompair i ngar dá dtithe agus dá gcinn scríbe. Níl minicíocht ná luas na seirbhíse chomh tábhachtach céanna dóibh.

# Daoine óga




Corcaigh, Éire
Cónaitheoirí Óga, 2016
Cónaitheoirí atá 18 mbliana d'aois nó níos óige in aghaidh an chiliméadair chearnaigh
Níos lú ná 250
250 - 500
500 - 1,000
1,000 - 2,000
Níos mó ná 2,000
Foinse: Daonáireamh 2016
0 1 2 3 4 5 km
Watergrasshill
Derry Cross
Blarney
Tower
Glanmire
Carrigtwohill
Midleton
Ballincollig
Cork
Cobh
Cloyne
Cork Airport
Ringaskiddy
Whitegate
Carrigaline
Wetherton
Ó thuaidh

Tá comhchruinnithe cónaitheoirí óga (iad sin atá 18 mbliana d'aois nó níos óige) ag teacht, tríd is tríd, le patrúin ard-chomhchruinnithe cónaithe. Tá líon níos lú comhchruinnithe cónaitheoirí óga ann i gCathair Chorcaí láir, fiú i limistéir dhlúthdhaonra, ná i limistéir eile, áfach. Is é an chúis atá leis sin, is dócha, ná nach dóigh go n-áiteoidh teaghlaigh a bhfuil leanaí acu na haonaid tithíochta níos lú atá coitianta i lár na cathrach.

De na táillí uile a íocadh ar bhusanna Chorcaí sa bhliain 2019, bhain 9% le leanbh a bhí 18 mbliana d'aois nó níos óige.

# Nascacht an Ghréasáin Siúil



Léirítear ar an léarscáil ar an leathanach roimhe tomhas amháin ar insiúltacht: an céatadán den limistéar cóngarach atá insroichte trí suas le 1.5 km a shiúl ar shráideanna nó ar chosáin.

In áiteanna nach bhfuil ach beagán nasc sráide nó cosáin iontu, beidh ar dhaoine achair níos faide a shiúl chuig cinn scríbe atá cóngarach i líne dhíreach trasna na tíre, mar atá léirithe ar leathanach 23. Tá áiteanna den sórt sin léirithe i nglas éadrom nó i mbán ar an léarscáil. Is léirithe i ndúghlas atá na háiteanna inar féidir le daoine a lán sráideanna nó cosán nasctha a thógáil chun formhór na n-áiteanna cóngaracha a shroicheadh go tapa.

Tríd is tríd, is fearr nascacht an ghréasáin siúil i gCathair Chorcaí láir ná in áiteanna eile i Limistéar Cathrach Chorcaí.[1] Cé go bhfuil ard-insiúltacht ann i láir bhailte eile, is measartha beag atá formhór na lár sin.

1 Níl limistéir atá suite in aice le huisce chomh hinsiúlta céanna le limistéir eile de réir an tomhais seo, toisc gur féidir gur gá malairt slí a thógáil chuig droichead chun cinn scríbe ar an taobh eile den abhainn a shroicheadh.

# 4 Príomhroghanna

Is é an cuspóir atá leis an tuarascáil seo cuireadh a thabhairt do dhaoine den phobal a dtuairim a chur in iúl maidir le roghanna áirithe do ghréasán bus Chorcaí amach anseo.

Tá roghanna áirithe iompair ann nach mbeidh daoine réasúnacha ar aon intinn fúthu. Trína thuiscint cén dóigh a ndéanfadh daoine i Limistéar Cathrach Chorcaí na roghanna sin, cabhrófar linn an Dréacht-Ghréasán Nua a dhearadh lena bhreithniú ag an bpobal.

Mar sin, tá an chéad chéim den chomhairliúchán poiblí dírithe ar na roghanna seo a leanas:

- Cé chomh hinmhianaithe agus chomh hinghlactha agus atá an t-athrú, i bhfianaise go mbeidh *aon* athrú ar bith suaiteach?
- Sa ghréasán athdheartha, ar cheart tús áite a thabhairt do thurais níos giorra de shiúl na gcos chuig an iompar nó d'agaí gearra feithimh?
- Go luath, ní bheidh aon chostas breise le híoc as cómhalartú. Ar cheart bealaí a dhearadh chun tuilleadh cómhalartuithe a éascú, dá laghdódh sé sin agaí turais d'fhormhór na ndaoine?

# An Glacadh leis an Athrú

Is é an cinneadh is mó atá le déanamh do Limistéar Cathrach Chorcaí sa staidéar seo ná cé acu is fiú nó nach fiú an gréasán a athrú.

Maidir le gach mionsonra den ghréasán atá ann cheana, beidh roinnt daoine cleachta leis agus cuirfidh siad in aghaidh aon athruithe air.

Is é an luach atá ar ghréasán a bhfuil cleachtadh air ná go leanann sé le freastal ar phaisinéirí atá ann cheana ar shlí a bhfuil siad cleachta léi. Bhunaigh daoine a ngnásanna agus a saol ar an ngréasán atá ann cheana.

Baineann conspóid le hathdhearaí gréasáin, ar conspóid í atá bunaithe ar a mhéid a athróidh siad an gréasán. ***Cé chomh hinmhianaithe agus chomh hinghlactha agus atá an t-athrú, i bhfianaise gur suaiteach do dhaoine eile a bheidh aon athrú a rachaidh chun tairbhe don chuid is mó de dhaoine?***

# Turais Níos Giorra de Shiúl na gCos nó Agaí Feithimh Níos Giorra?

Oibríonn an t-iompar ar bhóithre comhthreomhara cóngaracha i roinnt codanna de ghréasán Chorcaí, a fhágann go bhfuil a lán daoine gar do dhá bhealach atá ag dul san aon treo amháin.

Tugann BusConnects Chorcaí deis dúinn a fhiafraí de dhaoine cén ceann díobh seo a leanas atá níos tábhachtaí dóibh: turais níos giorra de shiúl na gcos chuig stad nó agaí gearra feithimh leis an mbus. Léirítear sna léaráidí ar dheis dhá shlí dhifriúla inar féidir gréasán a dhearadh: chun turais ghearra de shiúl na gcos a sholáthar (ar chlé) nó chun agaí gearra feithimh a sholáthar (ar dheis).


I limistéir ina bhfuil dea-nascacht sráide agus dea-chosáin, tarlaíonn sé gur féidir turais daoine *a bhrostú* trí infheistíocht seirbhíse a dhíriú ar chonairí tábhachtacha chun na bealaí sin a sholáthar ar bhonn níos minice. Mar thoradh air sin, méadaítear an rochtain ar dheiseanna laistigh d'aga taistil réasúnach agus sroicheann daoine a gceann scríbe níos luaithe. Is gnách go méadaítear pátrúnacht mar thoradh air sin freisin.

Déanann dálaí áitiúla difear dá thoilteanaí atá ag daoine chun siúl: má tá an turas torannach, neamhshábháilte nó cnocach, is féidir gur fearr le daoine feitheamh ar feadh tréimhse níos faide ag stad atá níos gaire dóibh. Beidh cumais dhifriúla agus sainroghanna pearsanta difriúla ag daoine atá i gcora difriúla saoil: is féidir gur fearr le daoine atá ag iompar roinnt leanaí, nó atá scothaosta, turas gearr de shiúl na gcos, fiú i gcás gur gá dóibh tuilleadh ama a chaitheamh ag feitheamh agus ag taisteal dá bharr sin.

***Nuair a dhírítear seirbhísí ar chonairí tábhachtacha, is mó an laghdú a dhéantar ar agaí feithimh ná an méadú a dhéantar ar achair shiúil.*** Tugann sé sin rochtain do dhaoine ar níos mó áiteanna laistigh de mhéid ama réasúnach.


**Taisteal de Shiúl na gCos a Íoslaghdú – An tseirbhís a roinnt ina bealaí comhuaineacha ainmhinice ar na bóithre uile**

Is gearr atá na turais de shiúl na gcos go stad bus, ach caitheann daoine a lán ama ag feitheamh.




**An tAga Feithimh a Íoslaghdú – an tseirbhís a chomhchruinniú ina bealaí minice ar roinnt bóithre**

Fiú i gcás turas níos faide de shiúl na gcos, fágann an t-aga feithimh níos giorra go mbeidh turais a lán daoine níos gasta.




AR AN MEÁN:
+ TURAS DE SHIÚL NA GCOS ATÁ **4** NÓIMÉAD NÍOS FAIDE
– AGA FEITHIMH ATÁ **7.5** NÓIMÉAD NÍOS LÚ
**= TURAS ATÁ 3.5 NÓIMÉAD NÍOS GASTA**

SA CHÁS BA MHEASA, BHEADH AGAT, DÁ MBA RUD É GUR CHAILL TÚ DO BHUS:
+ TURAS DE SHIÚL NA GCOS A BHEADH **4** NÓIMÉAD NÍOS FAIDE
– AGA FEITHIMH A BHEADH **15** NÓIMÉAD NÍOS LÚ
**= TURAS A BHEADH 11 NÓIMÉAD NÍOS GASTA**

Cuirtear sampla teoiriciúil amháin ó Chorcaigh i láthair ar an leathanach seo. Mar atá léirithe thíos ar chlé, oibríonn Bealaí 215 agus 215A ar Bhóthar an Bhóithrín Mheánaigh agus ar Bhóthar Bhaile an Locha, ar bóithre comhthreomhara cóngaracha iad. Tá turas gearr de shiúl na gcos ag mórán daoine chuig ceann amháin de na bealaí sin (nó chuig an dá cheann díobh). I gcás turas nach féidir a uainiú de réir an sceidil bhus (amhail turais chun na hoibre), áfach, caithfidh daoine suas le 35 nóiméad ag feitheamh.


Dá mbeadh tuilleadh seirbhíse dírithe ar cheann amháin de na bóithre, bheadh agaí feithimh níos giorra ar fáil sa limistéar seo. Go deimhin, bheadh na hagaí feithimh chomh gearr sin go mbeadh turas foriomlán níos giorra ag formhór na ndaoine, fiú i gcás go siúlfadh siad *níos faide* chuig an mbealach minic.

Sa sampla thíos, chaithfeadh an cónaitheoir seo 13.5 nóiméad ag siúl agus ag feitheamh (thíos ar dheis), seachas 19.5 nóiméad (thíos ar chlé). Thiocfadh laghdú níos mó fós ar agaí turais do dhaoine a chónaíonn níos gaire don bhealach minic.

Tharlódh sé sin i gceachtar cás, is cuma cé acu a bheadh an tseirbhís dírithe ar an mBóithrín Meánach nó ar Bhaile an Locha. Is féidir ceachtar áit a roghnú – níor úsáideadh an socrú sin ach mar léiriú.


Tá roinnt daoine íogair i leith an achair shiúil agus is féidir nach siúlfaidh siad níos faide chun a gceann scríbe a shroicheadh níos luaithe. Ar an meán, ós rud é go mbíonn deifir ar go leor daoine, is gnách go méadaítear pátrúnacht nuair a dhírítear seirbhís ar bhealaí minice. ***Ar cheart an gréasán bus nua i gCorcaigh a dhearadh chun tús áite a thabhairt do thurais ghearra de shiúl na gcos nó d'agaí gearra feithimh?***


**Taisteal de Shiúl na gCos a Íoslaghdú – An tseirbhís a roinnt ina bealaí comhuaineacha ainmhinice ar na bóithre uile**
Is gearr atá na turais de shiúl na gcos go stad bus, ach caitheann daoine a lán ama ag feitheamh.




Meán-aga Feithimh:
17.5 nóiméad

Aga Feithimh Iomlán:
35 nóiméad









**An tAga Feithimh a Íoslaghdú – An tseirbhís a chomhchruiniú ina bealaí minice ar roinnt bóithre**
Fiú i gcás turas níos faide de shiúl na gcos, fágann an t-aga feithimh níos giorra go mbeidh turais a lán daoine níos gasta.



Meán-aga Feithimh:
7.5 nóiméad

Aga Feithimh Iomlán:
15 nóiméad



# Cómhalartú nó Castacht?

Tá comhbhabhtáil ann idir cómhalartú agus castacht. Tagann an chomhbhabhtáil sin chun cinn ar a lán gréasán iompair, toisc go dtagann sí as matamaitic agus geoiméadracht shimplí an iompair. Dá mhéad atá gréasán iompair deartha chun cómhalartú a sheachaint is ea is casta a bheidh sé agus is ea is measa a bheidh minicíocht a lán bealaí.


Is léir gurbh fhearr linn go léir turas aon suíocháin a thógáil ná feitheamh le bus eile. Chuirfeadh sé sin brú ollmhór ar an tseirbhís, áfach, agus ní bheadh an tseirbhís chomh húsáideach céanna dá bharr sin.

Léirítear sa léaráid ar dheis an dóigh a n-éascaítear agaí feithimh níos giorra agus gréasán níos simplí nuair a chuirtear roinnt cómhalartaithe ar áireamh sa dearadh.


Tá an gréasán ag an mbarr comhdhéanta de bhealaí díreacha, ceann amháin ó gach ceann de thrí chomharsanacht chuig gach ceann de thrí mórchinn scríbe. Tá naoi mbealach san iomlán ann. Tá drochmhinicíochtaí ann, áfach, toisc nach n-oibríonn ach dhá bhus na bealaí sin. Cé go bhfaigheann daoine atá ag taisteal ón mbaile go lár na cathrach turas díreach, ní féidir leo imeacht nuair is mian leo – is gá dóibh a n-imeacht a uainiú de réir an sceidil bhus.

Nascann an gréasán ag an mbun na sé áit chéanna lena chéile, ach tá líon níos lú bealaí ann. Is fearr i bhfad an mhinicíocht a thairgeann gach bealach. Chun go mbeifear in ann an tseirbhís ardmhinicíochta sin a sholáthar, ní mór cómhalartú a bheith ann do roinnt turas. Is cómhalartuithe gasta iad sin, áfach, a bhuí leis na hardmhinicíochtaí.

## Bealaí Díreacha, Agaí Fada Feithimh, Castacht




## Cómhalartú, Agaí Gearra Feithimh, Simplíocht




Sa ghréasán ag an mbun, is féidir le daoine atá ag taisteal ón mbaile chuig lár na cathrach imeacht ag an am ceart dá seal oibre, toisc go mbíonn bus ag teacht chucu go luath i gcónaí. Ní gá dóibh dul chuig an obair go róluath de bharr an sceidil bhus. Beag beann ar an gcómhalartú, caitheann siad méid ama níos lú ag feitheamh leis an mbus agus in áiteanna nach gá dóibh a bheith iontu.


Léirítear sna léaráidí ar an gcéad dá leathanach eile cén dóigh a bhféadfadh gréasán a bhfuil roinnt cómhalartaithe i gceist leis turais daoine a dhéanamh níos giorra tríd an líon céanna busanna a úsáid, gan aon athrú ar an gcostas oibriúcháin.

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil **an costas céanna** ag baint leis an dá ghréasán atá curtha i gcodarsnacht lena chéile ar na leathanaigh seo a leanas:

- Sa ghréasán atá léirithe ar an gcéad leathanach eile, **roinntear 18 mbus ina 9 mbealach**. Ní oibríonn ach dhá bhus gach bealach agus tairgeann siad **minicíocht 30 nóiméad**.
- Sa ghréasán atá léirithe ar an leathanach ina dhiaidh sin, **roinntear na 18 mbus chéanna ina dtrí bhealach**. Mar thoradh air sin, oibríonn 6 bhus gach bealach agus is féidir leo **minicíocht 10 nóiméad** a thairiscint.
- Cé gur sampla bréagach é seo, is féidir an gheoiméadracht agus an mhatamaitic sa sampla a chur i bhfeidhm san fhíorshaol.

Léirítear ar an gcéad dá leathanach eile cén dóigh ar féidir turais daoine a dhéanamh níos gasta ar ghréasán níos nasctha agus níos minice, fiú i gcás turas ar gá cómhalartú nua a thógáil orthu. Is féidir a lán turas a thógáil *gan* aon chómhalartú go fóill, áfach. Éiríonn na turais sin níos gasta fós a bhuí leis na minicíochtaí níos airde.


Direct routes offer
30 min. frequency.
Users wait 15 min. on average, either at the start of their journey, or at their destination.
Aga feithimh 15 nóiméad
Aga turais 20 nóiméad
Turas foriomlán 35 nóiméad


Cómhalartú
Is féidir leis na bealaí
minicíocht
10 nóiméad
a thairiscint anois
Bíonn aga feithimh cúig nóiméad ar fad ar an meán ag úsáideoirí.
Cómhalartú
Aga feithimh 5 nóiméad
Aga turais 10 nóiméad
Aga feithimh 5 nóiméad chun busanna a athrú
Aga turais 10 nóiméad
Turas foriomlán 30 nóiméad

Níl tuilleadh cómhalartuithe (saor in aisce) ar an aon slí amháin inar féidir nascacht ghréasán Chorcaí a fheabhsú, ach ba mhaith linn dul i gcomhairle leis an bpobal ina leith.

Is féidir le hathruithe eile rochtain a fheabhsú agus turais daoine a ghiorrú, trí thuilleadh bealaí a chumasú obair le chéile i ngréasán nasctha. Tá cur síos déanta ar na hathruithe sin níos luaithe sa tuarascáil seo, agus áirítear leo na nithe seo a leanas:

- **Patrúin bhealaí a shimpliú i lár na cathrach** (rud a bhféadfadh gur ghá athruithe a dhéanamh ar oibríochtaí sráide ina leith), chun go mbeidh sé níos éasca naisc idir bealaí bus, agus idir busanna agus traenacha, a fhoghlaim agus a thuiscint.
- **Díriú ar mhinicíocht a mhéadú ar chonairí tábhachtacha**, chun go mbeidh cómhalartú ar fáil ar na bealaí is minice ar fud an ghréasáin.
- **Roinnt bealaí ainmhinice a dhearadh chun ailíniú lena chéile** (mar atá tuairiscithe ar leathanach 18), chun go dtairgfear go seasta feitheamh gearr le cómhalartú eatarthu.
- **Infheistiú in iontaofacht**, chun go mbeidh feitheamh gearr iontaofa i gceist le tuilleadh cómhalartaithe, bíodh sé sin mar chuid de bhealaí atá ailínithe lena chéile nó idir bealaí minice.

# Cómhalartú, Rochtain agus Pátrúnacht

Ba ghá go mbeadh roinnt cómhalartaithe i gceist le gréasán atá deartha chun rochtain agus pátrúnacht a mhéadú. Ní féidir ardrochtain agus ardphátrúnacht a bhaint amach *gan* aon chómhalartú, toisc go gcumasaíonn sé turais níos gasta a sholáthar do dhaoine ar shlí éifeachtúil.

Níl athdhearadh an ghréasáin bhus i gCorcaigh teoranta go docht don bhuiséad atá ann cheana do sheirbhísí bus. Is féidir roinnt infheistíochta breise measartha a dhéanamh chun tacú le Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí agus chun gréasán barrmhaith a sholáthar.

Fiú i gcás go mbeidh méadú ann ar sheirbhís, beidh teorainn íseal ann leis an líon bealaí ar féidir leo oibriú de réir ardmhinicíochta, má tá sé fós tábhachtach cómhalartú a sheachaint. Is gnách go gcuirfidh sé sin teorainn leis an méid rochtana a sholáthróidh an gréasán sa todhchaí agus go laghdóidh sé an acmhainneacht atá aige ardphátrúnacht a mhealladh.

Mar chuid d'fheabhsuithe BusConnects ar tháillí iompair phoiblí, cuirfear deireadh leis an táille bhreise a ghearrtar as cómhalartú i gCorcaigh. Mar thoradh air sin, agus ar na feabhsuithe beartaithe ar stadanna bus agus ar iontaofacht, is féidir na ceisteanna seo a leanas a chur:

***A luaithe a bheidh cómhalartú ar fáil saor in aisce, ar cheart an gréasán a dhearadh go fóill chun cabhrú le daoine cómhalartú a sheachaint?***

***Dá soláthrófaí rochtain mhéadaithe agus turais níos gasta d'fhormhór na ndaoine de bharr roinnt cómhalartaithe bhreise, arbh fhiú é sin?***

# Cad é an Sainmhíniú is Tábhachtaí ar Rath?



Sa staidéar seo, táimid ag iarraidh ar an bpobal a insint dúinn conas "rath" an ghréasáin bhus nua i gCorcaigh a mheas.

Is féidir leis an iompar freastal ar a lán spriocanna difriúla, agus tá roinnt de na spriocanna sin san iomaíocht lena chéile, mar atá tuairiscithe ar leathanach 9. Laistigh d'aon bhuiséad teoranta don iompar, fiú i gcás go bhfuil an buiséad sin ag fás, ní féidir linn gach sprioc a shaothrú ag an aon am amháin.

Mar gheall ar an réaltacht mhatamaiticiúil sin, ***cén ceann de na spriocanna seo atá ar an gceann is tábhachtaí don ghréasán iompair a fhreastalaíonn ar Limistéar Cathrach Chorcaí?***

- **Ardphátrúnacht.** An t-iompar a bheith in úsáid ag líon mór daoine.
- **Taisteal feithiclí agus astaíochtaí carbóin a laghdú.** Laghdú ar an líon daoine a thaistealaíonn sa charr agus ar an líon ciliméadar a thaistealaíonn siad, agus an líon astaíochtaí dochracha á laghdú dá bharr sin.
- **Teorainn a chur le plódú.** Fás leanúnach i ndaonra agus geilleagar Chorcaí *gan* tuilleadh fáis i bplódú.
- **Daoine a bhfuil dianriachtanais acu nó atá faoi dhian-mhíbhuntáiste a chuimsiú.** An t-iompar a sholáthar in áiteanna agus ar shlite a gcabhraíonn le daoine faoi mhíbhuntáiste bheith neamhspleách agus páirt a ghlacadh sa tsochaí.
- **Gach limistéar forbartha a chuimsiú.** An t-iompar a sholáthar i ngach limistéar forbartha de Limistéar Cathrach Chorcaí, beag beann ar riachtanais daoine i ngach limistéar agus ar phátrúnacht.

# 5 NaChéad Chéimeanna Eile

Tá an tuarascáil seo agus an chéim comhairliúcháin phoiblí a ghabhann léi ar an gcéad chéim d'athdhearadh gréasáin BusConnects Chorcaí.


Tar éis breithniú a dhéanamh ar an ionchur a gheofar ón bpobal le linn na chéad chéime comhairliúcháin sin, déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bus Éireann, Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí agus sainchomhairleoirí Dréacht-Ghréasán Nua a fhorbairt.

Tíolacfar an Dréacht-Ghréasán Nua don phobal le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh air agus le haghaidh tuairimí a chur in iúl ina leith. Tá sé beartaithe faoi láthair go dtarlóidh sé sin i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Bainfear leas as an ionchur a gheofar ón bpobal i leith an Dréachta agus an Gréasán Nua Deiridh á fhorbairt. Bainfear leas as freisin agus Croíchonairí Bus á bhforbairt, ar clár comhthreomhar eile de chuid BusConnects é.

Tá sé beartaithe faoi láthair go gcuirfear an Gréasán Nua Deiridh agus na Croíchonairí Bus chun feidhme sa bhliain 2023 agus go mbeidh siad i mbun lánfheidhme sa bhliain 2024.

Dá mba mhaith leat coinneáil ar an eolas faoin staidéar seo agus faoi na deiseanna a bheidh ag an bpobal chun tuairimí a chur in iúl, seol ríomhphost chuig corknetwork@busconnects.ie agus cuirfear leis an liosta fógartha thú.




***Chun dul isteach sa liosta fógartha don staidéar seo, seol ríomhphost chuig corknetwork@busconnects.ie***

***Tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin BusConnects Chorcaí chun tuilleadh faisnéise agus an t-eolas is deireanaí a fháil.***